Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)

Athbhreithniú ar na Rialacha Rochtana

Comhairliúchán Poiblí

Meitheamh 2018

Fotheidealú

Is é atá i bhfotheidealú ná téacs ar an scáileán lena léirítear an méid atá á rá ar an scáileán teilifíse. Féadfaidh fotheidealú a bheith oscailte nó dúnta. Is é atá i gceist le fotheidealú oscailte ná fotheidealú a fhanann ar an scáileán an t-am go léir. Is féidir leis an lucht féachana fotheidealú dúnta a dhéanamh infheicthe nó dofheicthe (ag brath ar pé rud is maith leo féin) trí úsáid a bhaint as cianrialtán, mar shampla. Bíonn fotheidealú formáidithe i dtreo is go gcabhródh sé le léirmhíniú agus tuiscint an téacs agus go nascfar leis an ngníomhaíocht ar an scáileán é ar bhealach níos cruinne.

Fortheidealú

Is é atá i bhfortheidealú ná téacs ar an scáileán lena léirítear an méid atá á rá ar an scáileán teilifíse. Cé go bhfuil sé cosúil le fotheidealú, níl sé chomh sofaisticiúil céanna agus bíonn léiriú níos bunúsaí ar an méid atá á rá ar an scáileán i gceist leis, uaireanta ní bhíonn ach dath amháin, bíonn sé focal ar fhocal agus d'fhéadfadh an téacs a bheith i gcás uachtair amháin.

Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

Is é atá i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann ná teanga dhúchasach phobal na mbodhar in Éirinn. Is teanga amhairc, spásúil í a bhfuil a comhréir féin aici, mar aon le struchtúr casta gramadaí. Caithfear comharthaíocht a chur i láthair ar scáileán teilifíse trí chomharthóir a úsáid mar chuid d'ábhar an chláir, nó trí chomharthóir a úsáid (duine i ndáiríre nó duine fíorúil arna chruthú ag ríomhaire) ag gníomhú mar ateangaire i mbosca atá forshuite i gcúinne an scáileáin.

Clostuairisc

Is é atá i gclostuairisc ná tráchtaireacht ina ndéantar cur síos ó bhéal ar an méid atá ag tarlú ar an scáileán teilifíse ag am ar bith le haghaidh daoine a bhfuil lagú amhairc orthu, mar chabhair chun an clár a thuiscint agus chun taitneamh a bhaint as. Leis an teicníc seo, úsáidtear dara fuaimrian ina dtugtar tuairisc ar an radharc agus ar an ngníomhaíocht ar an scáileán.

Clár Ábhar

1. Réamhrá – Cad iad na Rialacha Rochtana?.....4

2. Cén fáth a bhfuil an tÚdarás i mbun comhairliúcháin maidir leis na Rialacha Rochtana?.....5

3. Cén chaoi a ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar na Rialacha go dtí seo?..... 7

4. Cérbh iad príomhthorthaí an Phróisis Athbhreithnithe?.....10

5. Cad iad na hathruithe atá beartaithe ar na Rialacha?.....14

Réamhrá, Raon Feidhme agus Dlínse, Cur Chuige maidir le Spriocanna agus Frámaí Ama a leagan síos agus Sainmhínithe…….....……..15

Rialacha Ginearálta a Bhaineann le Gach Soláthar Rochtana…….....……...17

Rialacha maidir le Fotheidealú…….....……..……...19

Rialacha maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann…….....…….25

Rialacha maidir le Clostuairisc…….....……..……29

Na Rialacha a Chomhlíonadh…….....……..…..…….32

Gearáin, Tacaíocht le haghaidh Chur chun Feidhme na Rialacha, Dáta Éifeachtach, Treoir maidir leis na Rialacha agus Athbhreithniú ar na Rialacha…….....33

Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair, Caighdeáin Cháilíochta agus Reachtaíocht…….....……..…..……35

Saoráil Faisnéise…….....……..……..38

Aguisín 1 – Dréacht-Rialacha Rochtana Athbhreithnithe…….....……..39

1. Réamhrá – Cad iad na Rialacha Rochtana?

Tugadh isteach na Rialacha Rochtana (na Rialacha) in 2005. Leagtar síos sna Rialacha an méid fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc nach mór do chraoltóirí teilifíse Gaeilge a sholáthar chun cur leis an tuiscint agus an sult a bhainfidh daoine atá bodhar, nach bhfuil an éisteacht go maith acu, atá caoch, dall nó nach bhfuil an éisteacht go maith acu agus caoch as an teilifís.

Tá spriocanna sna Rialacha ina leagtar síos cén céatadán den chlársceidealú ar gach cainéal teilifíse ar chóir dó fotheidealú nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann nó clostuairisc a bheith air. I gcás fotheidealú, tá na Rialacha reatha leagtha amach mar spriocréimsí e.g. b'éigean do TG4 idir 45-49% den aschur a bheith fotheidealaithe le haghaidh 2016. Ní thugtar tosaíocht don leibhéal fotheidealaithe le haghaidh aon chineál cláir faoi leith nó le haghaidh aon chuid shonrach den lá sna Rialacha reatha.

I gcás RTÉ, éilíonn na Rialacha reatha nach mór d'aon mhéadú i bhfotheidealú agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann gach bliain méadú éigin i gclársceidealú leanaí a bheith mar chuid de. Ina theannta sin, i gcás clostuairisce, iarrtar freisin ar RTÉ tús áite a thabhairt do chlársceidealú Gaeilge a cruthaíodh ag baile.

Sna Rialacha reatha, ní iarrtar ach amháin ar RTÉ clostuairisc a sholáthar ach is féidir le craoltóirí eile clostuairisc agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur ar fáil más mian leo é.

Is féidir le craoltóirí teilifíse pobail (CCTV agus DCTV) aon clostuairisc agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthraíonn siad a chúiteamh i gcoinne a gcuid spriocanna le haghaidh fotheidealaithe.

Féadfaidh Oireachtas TV, aon soláthar de Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a chúiteamh i gcoinne na spriocanna le haghaidh fotheidealaithe.

Iarrtar freisin ar chraoltóirí dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí uair amháin sa bhliain ar a laghad (na heagraíochtaí agus na grúpaí sin a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a bhaineann úsáid as fotheidealú, clostuairisc nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann). Iarrtar freisin ar chraoltóirí na Seirbhísí Rochtana a sholáthraíonn siad do lucht féachana agus lucht éisteachta a chur chun cinn, ar an scáileán agus ar shiúl ón scáileán.

2. Cén fáth a bhfuil an tÚdarás i mbun comhairliúcháin maidir leis na Rialacha Rochtana?

Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar na Rialacha Rochtana gach dhá bhliain faoi mar a éilítear le hAcht Craolacháin 2009. Sa chomhthéacs sin, thug an tÚdarás faoi athbhreithniú reachtúil forleathan ar na Rialacha in 2017. Tugtar torthaí an athbhreithnithe sin níos déanaí sa cháipéis seo.

Tá sé i gceist ag an Údarás anois roinnt athruithe a dhéanamh ar na Rialacha reatha. Fuair na hathruithe sin treoir ón athbhreithniú reachtúil in 2017 a rinneadh anuas ar na ceanglais in Acht

Craolacháin 2009. Leagtar amach na hathruithe sin sa cháipéis seo agus lorgaítear do thuairimí. Déantar cur síos ar an bpróiseas athbhreithnithe i rannán 3 agus tá fáilte romhat do thuairimí a thabhairt don Údarás maidir leis na dréacht-Rialacha.

2.1 Cén chaoi a dtabharfaidh mé mo thuairimí?

Bunaithe ar thorthaí athbhreithniú reachtúil 2017, tá sé i gceist anois ag an Údarás roinnt athruithe a dhéanamh ar na Rialacha reatha. Táimid ag cur fáilte roimh úsáideoirí seirbhísí rochtana agus roimh an bpobal a gcuid tuairimí a thabhairt dúinn maidir leis na hathruithe seo atá beartaithe.

Tugtar mionsonraí maidir leis na hathruithe atá beartaithe i Rannán 3 den cháipéis seo. Creideann an tÚdarás go dtarlóidh sé de bharr na n-athruithe beartaithe go soláthrófar seirbhís níos fearr do lucht féachana a dteastaíonn seirbhísí rochtana uathu chun an teilifís a thuiscint agus chun sult a bhaint as. Mínítear na hathruithe atá beartaithe sa cháipéis seo agus léirítear iad sna Dréacht-Rialacha Rochtana atá tugtha in **Aguisín 1.**

Molaimid duit féachaint arís ar na dréacht-Rialacha athbhreithnithe nuair a bheidh tú i mbun machnaimh ar do fhreagra ar na ceisteanna comhairliúcháin sna codanna seo a leanas den cháipéis seo. Is é an dáta deiridh chun aighneachtaí maidir leis na dréacht-Rialacha a fháil **Dé hAoine, 27 Iúil 2018.**

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh chuig an Údarás ar na bealaí seo:

Scríobh chuig: An tOifigeach Rochtana, 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2, Baile Átha Cliath D02 XP29
Ar líne ag www.bai.ie
Seol ríomhphost chuig: access@bai.ie

3. Cén chaoi a ndearnadh an tÚdarás athbhreithniú ar na Rialacha go dtí seo?

Thug an tÚdarás faoi athbhreithniú reachtúil ar na Rialacha Rochtana in 2017. Bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chuid de sin:-

i. Athbhreithniú Dlínse

Rinneadh athbhreithniú ar chleachtais agus ar threochtaí i dtíortha eile ionas go raibh an tÚdarás in ann slat tomhais a thabhairt ar a rialacháin féin i gcoinne iadsan i dtíortha eile AE, agus go hidirnáisiúnta freisin. Beartaíodh tabhairt faoin athbhreithniú chun aird a tharraingt ar an gcleachtas is fearr maidir le cur chuige agus taithí rialúcháin agus féadfaidh an tÚdarás foghlaim ón eolas seo agus an múnla a athrú do chomhthéacs na hÉireann.

ii. Taighde na bPáirtithe Leasmhara

Is iad craoltóirí agus úsáideoirí na seirbhísí inrochtana na príomhpháirtithe leasmhara don athbhreithniú agus bhí siad i gcroílár fhorbairt na Rialacha agus an athbhreithniú ina dhiaidh. Bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chuid den athbhreithniú a rinneadh ar éifeacht na Rialacha:-

- Rinneadh athbhreithniú ar mhiontuairiscí faofa ó chruinnithe na bPainéal Comhairliúcháin Úsáideora ónar bunaíodh iad sa bhliain 2013. Tá dhá phainéal comhairliúcháin ann. Tig le daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu, agus ionadaithe eagraíochtaí a dhéanann abhcóideacht ar a son, a bheith ina mball den chéad phainéal. Is féidir le daoine atá dall nó caoch, agus le hionadaithe eagraíochtaí a dhéanann abhcóideacht ar a son, a bheith ina mbaill den dara painéal.

- Rinneadh agallaimh le craoltóirí agus le húsáideoirí rochtana agus lena ngrúpaí ionadaíocha inar scrúdaíodh a meon maidir le soláthar seirbhísí rochtana agus athbhreithniú féideartha ar na Rialacha.

- Agallaimh le soláthróirí reatha a chuireann seirbhísí rochtana ar fáil do chraoltóirí Éireannacha. Díríodh sna hagallaimh sin, nuair ab fhéidir, ar an bhfaisnéis seo a leanas a aimsiú: leibhéal (agus costas) soláthair rochtana; meonta ar chumas reatha na soláthróirí seirbhísí rochtana; meonta ar na bearnaí atá ann sa bhonn scileanna dúchasacha a chuireann nó a d’fhéadfaí bac a chur le forbairt soláthar seirbhíse rochtana.

- Ceardlanna le húsáideoirí rochtana, a n-eagraíochtaí ionadaíocha agus le craoltóirí chun machnamh a dhéanamh ar roghanna maidir le dréachtpholasaí nó athruithe molta a bhféadfaí machnamh a dhéanamh orthu i gcomhthéacs fhorbairt leanúnach na Rialacha.

  Mar sin, breathnaíodh ar ról thosca acmhainní daonna a bhaineann le soláthar na seirbhísí rochtana éagsúla mar chuid den ghné taighde seo. Rinneadh scrúdú freisin le craoltóirí agus le soláthraithe seirbhíse ar na costais a bhaineann le seirbhísí rochtana a sholáthar.

iii. Athbhreithniú Teicniúil

Breathnaíodh ar na forbairtí teicneolaíochta is déanaí i gcomhthéacs na hÉireann sa ghné seo den athbhreithniú agus baineadh leas as foghlaim agus taighde a rinneadh i ndlínsí eile agus aon fhorbairt a rinneadh ag leibhéal reachtaíochta an AE.

iv. Athbhreithniú ar Chomhlíonadh

Scrúdaíodh na treochtaí is déanaí maidir le comhlíonadh agus torthaí gníomhaíochtaí forfheidhmithe an BAI mar chuid den ghné seo den athbhreithniú. Mar bhonn eolais ag an scrúdú seo bhí monatóireacht ar lánas nó ábhar craolta a roghnaíodh go randamach chun treoirlínte cáilíochta an Údaráis a chomhlíonadh i gcomhair fotheidealaithe, Teanga

Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc mar aon leis an soláthar a dhéanann craoltóirí ar thuarascálacha ina mionsonraítear ábhar inrochtana maidir lena gcuid seirbhísí. Bhí aiseolas ó na Painéil Chomhairliúcháin Úsáideora mar bhonn eolais don athbhreithniú comhlíontachta freisin.

4. Cérbh iad príomhthorthaí an phróisis athbhreithnithe?

I ndiaidh an athbhreithnithe reachtúil, chuir an tÚdarás bailchríoch ar thuarascáil agus tugadh cóip don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Is féidir cóip den Tuarascáil ar fháil ar shuíomh gréasáin an Údaráis agus tá cóip ar fáil freisin ach í a iarraidh ar ríomhphost access@bai.ie.

Mar achomair, tarraingíodh aird orthu seo san athbhreithniú ar na Rialacha:-

- Leanann líon agus réimse na seirbhísí rochtana a sholáthraítear do sheirbhísí teilifíse ag ardú gach bliain. Tháinig feabhas freisin ar chaighdeán agus iontaofacht an tsoláthair seirbhíse rochtana sa tréimhse sin, ach tá dúshláin mhóra fós sa réimse seo.

- Tháinig feabhas ar an méid rannpháirtíochta idir craoltóirí agus úsáideoirí rochtana agus a n-ionadaithe ón athbhreithniú deireanach agus cuirtear fáilte roimh an treocht seo.

- Tá na spriocanna a bhaineann RTÉ amach maidir le clostuairisc agus le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ar ardchaighdeán cé go bhfuil siad measartha.

- Leanann na craoltóirí ag tabhairt faoi na riachtanais maidir le seirbhísí rochtana a chur ar fáil le cur chuige fiúntach agus le hinfheistíocht leanúnach agus le seirbhísí rochtana a chur lena seinnteoirí ar líne (ní riachtanas é seo faoi Rialacha reatha an Údaráis).

- Tagann na Rialacha, den chuid is mó, leis an gcleachtas is fearr ag leibhéal Eorpach agus Idirnáisiúnta. Tá cineálacha cur chuige nua le feiceáil ón athbhreithniú ar chleachtais i ndlínsí eile agus bhí na cuir chuige sin mar bhonn eolais do na hathruithe atá beartaithe ar na Rialacha.

- I gcás inar tháinig saincheisteanna chun cinn, bhí craoltóirí sásta a bheith freagrúil agus chuaigh siad i ngleic leis na saincheisteanna seo. Ach, is saincheist í comhlíonadh leis na riachtanais chaighdeáin do roinnt ach ní gach craoltóir.

- Tá athrú mór tagtha ar an timpeallacht theicniúil le deich mbliana anuas. Osclaíodh deiseanna nua leis seo maidir le soláthar seirbhísí rochtana ar líne agus laghdaíodh costais chomh maith. Rinneadh forbairt ar réitigh do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ‘dúnta’ ach níl siad réidh don mhargadh faoi láthair.

Maidir leis na réimsí óna dteastaíonn gníomh breise, tarraingíodh aird ar na nithe seo a leanas san athbhreithniú:-

- Teastaíonn níos mó idirghabhála ón Údarás maidir le caighdeán an tsoláthair rochtana. Sonraíodh go soiléir san athbhreithniú agus ó rannpháirtíocht an Údaráis (mar aon le heispéireas na gcraoltóirí ag leibhéal Eorpach) go mbíonn tionchar ag roinnt tosca ar an tsaincheist chasta seo. Is léir go ndeachaigh craoltóirí i ngleic leis an dúshlán seo agus níl aon chomhartha ann go dtiocfaidh fadhbanna le caighdeán go phríomha ó drochchaighdeáin maidir le feidhmiú na riachtanas caighdeáin. Tá saincheisteanna a bhaineann le héagsúlacht caighdeáin le boscaí bairr agus le saincheisteanna a bhaineann le ‘cuir i gcrích’ soláthair rochtana le soláthraithe ardán fós ann.

  Tá saincheisteanna cáilíochta follasach sa mhonatóireacht atá ar siúl ag an Údarás, agus leanann úsáideoirí ag tuairisciú orthu. Áirítear moltaí chun dul i ngleic leis an gceist sin sna Rialacha athbhreithnithe.

- Is saincheisteanna iad na spriocanna agus an cur chuige maidir le bunú spriocanna nach mór tuilleadh aird a tharraingt orthu. Ba léir go raibh tuairimí an-difriúil ann ón obair a rinneadh le páirtithe leasmhara. Dúirt craoltóirí nach bhfuil sé ar a gcumas an soláthar a mhéadú thar mar atá faoi láthair agus mhol úsáideoirí rochtana go láidir aistriú i dtreo soláthar 100%. Ag an am céanna, rinne na húsáideoirí luach roinnt fotheidealú beo a cheistiú freisin agus cibé an bhfearr

acmhainní an chraoltóra a chaitear ar sholáthar rochtana a chaitheamh ar rud éigin eile. Sonraítear i dtorthaí an athbhreithnithe reachtúil gur fiú tuilleadh athruithe beaga a chur i bhfeidhm i gcóras bunaithe spriocanna, cuir i gcás, soláthar le linn na n-amanna féachana is mó a chur san áireamh.

- Cuirtear in iúl san athbhreithniú freisin gur fiú díriú níos mó ar sholáthar Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisce i gcomhthéacs na mblianta beaga amach romhainn. Tá leibhéal na riachtanas maidir le clostuairisc agus teanga chomharthaíochta níos ísle in Éirinn i gcomparáid leis na dlínsí eile a scrúdaíodh mar chuid den athbhreithniú reachtúil seo.

  Bhí sé soiléir i gcásanna áirithe go gcuirtear ceanglais ar chraoltóirí eile nach craoltóirí seirbhísí poiblí iad i ndlínsí eile agus ní mór machnamh a dhéanamh ar sholáthar Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc le cainéil teilifíse Virgin Media Group ar roinnt dá seirbhísí mar gheall ar a theacht chun cinn san earnáil.

- Sonraíodh san athbhreithniú go gcaithfear níos mó aird a thabhairt ar an rannpháirtíocht idir an tÚdarás, craoltóirí agus úsáideoirí agus ar an mbealach ina ndéantar an rannpháirtíocht agus raon na rannpháirtíochta go háirithe. Tá sé soiléir, i gcás na n-úsáideoirí, go bhfuil neamhréir ann, ar shlite áirithe, idir an creat rialála agus comhlíontachta agus feasacht na n-úsáideoirí ar an gcreat seo.

Tagann saincheisteanna mar seo chun solais i gcás na gcraoltóirí chomh maith. Meon comhchoiteann a bhí ag craoltóirí nach bhfuil meas ag an Údarás ar uathúlacht gach craoltóra nuair a leagtar síos spriocanna sna Rialacha cé go bhfuil sraith Tosca Tionchair ann a ligeann don Údarás aird a bheith acu ar imthosca áirithe craoltóirí. D'iarr craoltóirí ar an BAI tacaíocht níos leithne a thabhairt le rannpháirtíocht leis an earnáil ina hiomláine agus córas a chur i bhfeidhm a thacaíonn le craoltóirí.

5. Cad iad na hathruithe atá beartaithe ar na Rialacha?

Fuair na hathruithe atá beartaithe ar na Rialacha Rochtana bonn eolais ó thorthaí an athbhreithnithe reachtúil in 2017 agus tá na hathruithe sin leagtha amach thíos. Áiríodh go háirithe leis an athbhreithniú reachtúil cruinnithe le craoltóirí agus le grúpaí úsáideoirí ag ar pléadh roghanna beartais maidir leis na ceithre réimse seo a leanas atá ábhartha do na Rialacha Rochtana:-

- Spriocanna do sholáthar seirbhísí rochtana;
- Caighdeán sholáthar seirbhísí rochtana;
- Forfheidhmiú na Rialacha Rochtana;
- Rannpháirtíocht idir an BAI, craoltóirí agus úsáideoirí seirbhísí rochtana.

Chuir na tuairimí a cruthaíodh ag na cruinnithe ó thaobh na gceithre réimse seo bonn eolais faoi na dréacht-Rialacha atá leagtha amach sa cháipéis seo.

5.1 Réamhrá, Raon Feidhme agus Dlínse, Cur Chuige maidir le Spriocanna agus Frámaí Ama a leagan síos agus Sainmhínithe (Rannáin 1 - 4 de na dréacht-Rialacha)

Tá na ceithre rannán sin de na dréacht-Rialacha fós mar an gcéanna leis na Rialacha reatha agus le cleachtas reatha. Baineann an príomhathrú le Rannán 3 (spriocanna agus frámaí ama a leagan síos) ar rannán nua é ach ceann freisin nach dtugann aon athruithe beartais isteach.

Tagraíonn Rannán 3 do na Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair ar bhain an tÚdarás agus a réamhtheachtaí leas as chun spriocanna agus frámaí ama a leagan síos ó tugadh isteach na Rialacha in 2005. Mar sin féin, ní raibh siad mar chuid de na Rialacha foilsithe go dtí seo ar aon nós. Tá sé beartaithe anois na prionsabail agus na himthosca sna Rialacha a áireamh d'fhonn trédhearcacht a fheabhsú maidir leis na próisis a úsáidtear chun spriocanna agus frámaí ama a leagan síos le haghaidh fotheidealaithe, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc. Bhí an tsaincheist maidir le trédhearcacht fheabhsaithe faoin gcaoi a gcuireann an tÚdarás na Rialacha i bhfeidhm ar cheann de na téamaí a tháinig chun cinn ón athbhreithniú reachtúil ar tugadh faoi in 2017.

Cuirtear béim freisin i Rannán 3 go n-úsáidfidh an tÚdarás na Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair nuair a bheifear ag cuimhneamh ar cibé ar cheart tiomantais a leagan síos le haghaidh seirbhísí bunaithe in Éirinn ach nach ndíríonn ar lucht féachana as Éirinn. Arís eile, bhí siad in úsáid i gcleachtas sna himthosca sin ach tá an bhéim áirithe ar mhaithe le trédhearcacht. Níl dearmad déanta ag an Údarás ach an oiread go bhféadfadh líon méadaithe seirbhísí den chineál sin a bheith ann mar gheall ar Imeacht na Breataine as an Aontas Eorpach agus ba chóir go mbeadh ionchais rialála maidir le seirbhísí den sórt sin soiléir.

Maidir leis na rannáin eile, leasaíodh Rannán 2 (Raon Feidhme agus Dlínse) chun aitheantas a thabhairt do ghníomhaíochtaí craoltóirí i dtaca le lánas nó ábhar ar líne a dhéanamh inrochtana agus forbairtí leanúnacha a spreagadh sa réimse seo mar a iarrann úsáideoirí é. Ar deireadh, is beag athrú in aon chor atá ar na sainmhínithe ar fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc. Rinneadh mionathruithe dréachtaithe ionas go mbeidh na sainmhínithe níos éasca a thuiscint.

Ceist Chomhairliúcháin:-

- Cén sórt tuairimí atá agatsa maidir leis na moltaí atá leagtha amach i Rannán 1 - 4 de na dréacht-Rialacha (Réamhrá, Raon Feidhme agus Dlínse, Cur Chuige maidir le Spriocanna agus Frámaí Ama a leagan síos agus Sainmhínithe)?

5.2. Rialacha Ginearálta a Bhaineann le Gach Soláthar Rochtana (Rannán 5 de na dréacht-Rialacha).

Tá an chuid seo de na dréacht-Rialacha nua ach tá meascán rialacha reatha agus breise ann a tugadh isteach chun léiriú a thabhairt ar thorthaí an athbhreithnithe reachtúil.

I dtéarmaí na bhforálacha reatha, tá siad sin leagtha síos i ndréacht-**Rialacha 5.1** (Caighdeáin Cháilíochta), **5.3** (Soláthar Rochtana a Chur Chun Cinn) agus **5.4** (Oibleagáid chun dul i gcomhairle le hÚsáideoirí Rochtana).

I dtéarmaí **Riail 5.1** (Caighdeáin Cháilíochta), rinneadh nuashonrú ar na bhfoclaíocht chun aird a tharraingt ar an tábhacht atá lena chinntiú go dtugtar soláthar rochtana chuig caighdeán ard. Áirítear ceanglas nua ann go ndéanfadh craoltóirí monatóireacht ar aschur tarchurtha lena chinntiú go gcothaítear caighdeán an fhotheidealaithe, na clostuairisce agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

I dtéarmaí na Rialacha nua atá beartaithe, tá siad sin leagtha amach i **Rialacha 5.2** (Éigeandálaí Náisiúnta), **5.5** (Oifigeach Idirchaidrimh Rochtana) agus **5.6** (Spriocanna a Thabhairt ar Aghaidh). Tháinig **Riail 5.2** atá beartaithe (Éigeandálaí Náisiúnta) chun cinn mar shaincheist san athbhreithniú reachtúil. Cuireann an Riail sin roinnt oibleagáidí ar chraoltóirí ó thaobh na faisnéise a thugtar do lucht féachana i rith éigeandála náisiúnta.

Is éard atá i gceist leis an gcur chuige atá beartaithe ná a aithint gur chóir go mbeadh sé de dhualgas ar an Rialtas faisnéis maidir le héigeandáil náisiúnta a dhéanamh inrochtana ach é a bheith de dhualgas ar chraoltóirí ag an am céanna a chinntiú go gcuirtear aon ábhar inrochtana den sórt sin ar fáil do lucht féachana. Tá an fhoráil sin ag teacht freisin le hAlt 43(2)(d)(iii) d'Acht 2009 ina luaitear go bhféadfaidh aird a bheith ag an Údarás do "nuacht agus nithe a bhaineann le nuacht" nuair a bhíonn rialacha á leagan síos aige.

I dtéarmaí **Riail 5.5** (Oifigeach Idirchaidrimh Rochtana), tá an riail sin beartaithe chun an sruth cumarsáide a fheabhsú idir craoltóirí agus úsáideoirí rochtana. I láthair na huaire, d'fhéadfadh nach mbeadh de theagmháil idir an dá pháirtí sin ach i bhfoirm gearáin a dhéantar nó díreach teagmháil gach bliain trí chruinnithe foirmiúla. Tá an moladh maidir le hOifigeach Caidrimh Rochtana beartaithe chun cineál rannpháirtíocht trí chéile a spreagadh idir craoltóirí agus úsáideoirí agus tugann sé pointe díreach teagmhála d'úsáideoirí freisin.

I dtéarmaí **Riail 5.6** (Spriocanna a Thabhairt ar Aghaidh), cheadódh an dréacht-riail sin do chraoltóirí spriocanna a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dar gcionn in imthosca nuair a sholáthair siad níos mó nó níos lú den sprioc-chéatadán a socraíodh dóibh. Cuir i gcás, craoltóir a n-éilítear air 60% a sholáthar ach nár sholáthair ach 57%, bheadh cead aige an difríocht 3% a chur leis anuas ar cheanglas na bliana ina dhiaidh sin. Is éard atá i gceist leis an moladh sin ná roinnt solúbthachta a thabhairt do chraoltóirí nuair a bheartaítear leis na dréacht-Rialacha spriocanna fotheidealaithe a leagan síos ag tagairt do chéatadán aonair (e.g. 55%) in ionad an chuir chuige reatha ina n-úsáidtear raon sprice (e.g. 55%-60%).

Leis an gcur chuige seo déantar iarracht a aithint i ngeall ar chomaoineacha airgeadais nó clársceidealaithe, go dteastódh roinnt solúbthachta ó chraoltóirí freisin. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith níos deacra ar chraoltóir freastal ar sprioc i dtréimhsí ina ndéantar uasghrádú ar threalamh nó i dtréimhsí ina mbíonn dúshláin eacnamaíocha le sárú ag an gcraoltóir.

Mar an gcéanna, is féidir le craoltóirí a sháraíonn an sprioc a bheith ag brath air sin don bhliain dar gcionn agus leas a bhaint as in imthosca ina dtagann dúshláin ghnó chun cinn. Mar sin féin, d'fhonn mí-úsáid fhéideartha na solúbthachta sin a sheachaint, ní féidir leas a bhaint as ach thar dhá bhliain fhéilire agus ní bheifear in ann a thabhairt ar aghaidh ach suas le 5% den sprioc in aon bhliain ar leith.

Ceist Chomhairliúcháin:-

- Cén sórt tuairimí atá agat maidir leis na moltaí atá leagtha síos i Rannán 5 de na dréacht-Rialacha (Rialacha Ginearálta a bhaineann le gach Soláthar Rochtana)?

5.3 Rialacha maidir le Fotheidealú (Rannán 6 de na dréacht-Rialacha)

Coinnítear roinnt de na Rialacha reatha sa rannán seo, go sonrach an úsáid a bhaintear as lá craolacháin 18 n-uair an chloig a gcaithfear na tiomantais a chomhlíonadh, tríd is tríd. Tá roinnt athruithe beartaithe maidir leis an gcur chuige a ghlacfar chun spriocanna agus frámaí ama a leagan síos.

Seo a leanas iad:-

- I dtéarmaí na spriocanna fotheidealaithe atá beartaithe do chraoltóirí. Áirítear leis na dréacht-Rialacha spriocanna beartaithe i gcomhair 2019 agus 2020 amháin agus táimid i mbun comhairle maidir leis na spriocanna ba chóir a leagan síos le haghaidh 2021-2023. Glacadh leis an gcur chuige sin i gcomhthéacs na rialachán teilifíse athbhreithnithe a tugadh isteach trí nuashonruithe ar Threoir AVMS, ina leagtar síos na híoschaighdeáin atá i bhfeidhm ar fud an AE.

  D'fhonn an Treoir a chur i bhfeidhm iarrfar ar an Údarás a chuid rialacháin a nuashonrú agus féadfar raon feidhme a chuid rialacháin a leathnú freisin chun meáin neamhthraidisiúnta a chur san áireamh. Tá sé sin ábhartha i gcás nach bhfuil seirbhísí ar éileamh cosúil le RTÉ Player á rialú ag an Údarás ag an am seo ach a d'fhéadfadh a bheith á rialú ag an Údarás thar thréimhse oibriúcháin na Rialacha athbhreithnithe (2019-2024). I gcomhthéacs mar sin, d'fhéadfadh gá a bheith le Rialacha breise athbhreithnithe a thabhairt isteach mar léiriú ar athrú den sórt sin i rialachán agus go mbeadh aird ag rialacha den sórt sin ar sholáthar seirbhísí inrochtana ar líne agus craolta.

- Tá sé beartaithe freisin go mbainfí an úsáid a bhaintear as raon sprice i dtéarmaí na dtiomantas maidir le fotheidealú. Mar shampla, i gcomhair 2018, iarrfar ar TV3 idir 51-55% d'fhotheidealú a sholáthar ach leagtar síos sprioc-fhigiúr de 51% i gcomhair 2019 sna rialacha atá beartaithe.

Tugadh an raon sprice isteach sa leagan reatha de na Rialacha d'fhonn feabhsuithe cáilíochta a spreagadh sa chaoi is go bhféadfadh na craoltóirí sin a d'infheistigh i gcáilíocht an chuid is ísle den raon sprice a chomhlíonadh agus go mbeadh sé sin mar dhreasacht acu, agus iarradh orthu sin nár infheistigh i gcáilíocht an chuid is airde den raon sprice a bhualadh. Anuas ar an gcur chuige sin bhí cruinnithe bliantúla ar siúl áit ar pléadh ní hamháin feidhmíocht don bhliain roimhe sin ach pleananna freisin don bhliain atá le teacht agus bhí sé sin mar bhonn eolais ag an measúnú a rinne an Coiste um Chomhlíonadh ar chomhlíonadh.

Mar sin féin, i gcleachtas, fuair an tÚdarás amach go raibh sé oiriúnach agus cuí i gcomhthéacs na Rialacha go dtabharfar fógraí do chraoltóir maidir le neamhchomhlíonadh follasach leis an raon sprice nuair a theip orthu an figiúr íseal den raon sprice a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, cé gur bhog úsáid an raoin sprice feidhmiú na Rialacha ar shiúl ó fhoirm mheicníoch rialacháin agus cé gur tháinig feabhas ar cháilíocht an tsoláthair rochtana, níl sé chomh héifeachtach is a ceapadh a bheadh sé. Tarraingíodh aird freisin san athbhreithniú reachtúil ar a laghad tacaíochta a bhí ar fáil don úsáid as raoin sprice ó úsáideoirí rochtana agus a gcuid ionadaithe. Ar an gcúis sin, tá an tÚdarás den tuairim, agus gach rud san áireamh, go mb'fhéidir go bhfearr filleadh ar spriocanna aonair ar mhaithe le cinnteacht agus praiticiúlacht.

Sa chomhthéacs sin, socraíodh na céatadáin sprice a leagadh síos sna dréacht-Rialacha ag an gceann is ísle de na raoin sprice reatha le haghaidh 2018.

- Tá an coincheap maidir le tiomantais a leagan síos i gcomhair fotheidealaithe i rith clársceidealú buaic-ama beartaithe sna dréacht-Rialacha. Tá an bhuaic-am socraithe ag 6pm-11.30pm. Tá tiomantais buaic-ama beartaithe le haghaidh na ceithre phríomhsheirbhís teilifíse (RTÉ 1, RTÉ 2, TV3 agus TG4) agus léiríonn na tiomantais atá leagtha síos feidhmíocht reatha sa tréimhse buaic-ama. Táthar ag beartú an chuir chuige seo i gcomhthéacs na saincheisteanna a d'aibhsigh páirtithe leasmhara mar chuid den athbhreithniú reachtúil. Go háirithe, léiríodh an tuairim go bhféadfadh craoltóirí a gcuid acmhainní a úsáid ar bhealach níos bisiúla trí dhíriú níos fearr ar phíosaí den lá ina bhfuil an lucht féachana níos airde agus ina bhfuil gá níos mó dá bhrí sin le hábhar inrochtana. Tá an tiomantas ar aon dul freisin le hAlt 43(2)(d)(ii) d'Acht 2009 áit ina bhféadfaidh aird a bheith ag an Údarás ar "amanna féachana móréilimh chomh maith le hamanna eile" nuair a bhíonn rialacha á leagan síos aige.

- Beartaítear sna dréacht-Rialacha comhsprioc a leagan síos i gcomhair seirbhísí seachas na príomhsheirbhísí teilifíse eile. Chuige sin, tá comhsprioc leagtha síos le haghaidh seirbhísí Virgin Media Group (TV3), 3e agus Be3, áit a bhfuil spriocanna ar leithligh i bhfeidhm le haghaidh na seirbhísí sin i láthair na huaire.

Mar an gcéanna, tá comhspriocanna leagtha síos le haghaidh RTÉ Jnr agus RTÉ News Now agus íosmhéid 50% den chomhaschur curtha i leataobh do chlársceidealú leanaí. Bhí saincheisteanna solúbthachta atá leagtha amach díreach thuas mar bhonn eolais ag an moladh seo.

- Éilítear sna Rialacha reatha go ndéanfaí an méadú ar an gcéatadán bliantúil i bhfotheidealú ar RTÉ 1 agus RTÉ 2 a leithdháileadh ar chláir do leanaí. Ag glacadh leis an soláthar fotheidealaithe ar RTÉ Jr, rinneadh athbhreithniú ar an riail maidir leis sin sa chaoi is go dtagraíonn an tiomantas do RTÉ trí chéile seachas an dá sheirbhís shonracha sin.

- Ar deireadh, ceadaíonn na Rialacha reatha do chraoltóirí a gcuid spriocanna fotheidealaithe a chomhlíonadh trí sholáthar teidealaithe. Is soláthar rochtana ar chaighdeán níos ísle é teidealú agus beidh an aithne is mó ag lucht féachana ar theidealú ó bheith ag féachaint ar scannáin i dteanga choigríche le fotheidil (sainítear teidealú sna dréacht-Rialacha i rannán 4).

  Tá teidealú ceadaithe ó tugadh isteach na Rialacha ach tá sé beartaithe anois deireadh a chur de réir a chéile leo sin faoin mbliain 2024 d’fhonn caighdeán foriomlán an tsoláthair rochtana do lucht féachana a fheabhsú.

Ceisteanna Comhairliúcháin:-

- Cad a cheapann tú de na spriocanna atá beartaithe le haghaidh fotheidealaithe?

- I dtéarmaí na spriocanna a leagfar síos le haghaidh 2021-2023, cé na céatadáin ba chóir a leagan síos le haghaidh gach craoltóir i gcomhthéacs na bPrionsabal Rochtana agus na dTosca Tionchair? Nuair is iomchuí, tabhair faisnéis bhreise mar thaca le do thuairim maidir leis na spriocanna sin.

- Cad a cheapann tú faoin moladh spriocanna buaic-ama a thabhairt isteach le haghaidh roinnt craoltóirí?

- Cad a cheapann tú den mholadh spriocanna sonracha a leagan síos le haghaidh RTÉ 1 agus RTÉ 2 agus comhsprioc aonair le haghaidh seirbhísí eile RTÉ? An n-aontaíonn tú leis an moladh sin nó, an gceapann tú, gur chóir spriocanna sonracha a leagan síos le haghaidh gach cainéal ar RTÉ?

- Cad a cheapann tú faoin moladh chun spriocanna sonracha a leagan síos le haghaidh TV3 agus comhsprioc aonair le haghaidh seirbhísí eile Virgin Media Group? An n-aontaíonn tú leis an moladh sin nó, an gceapann tú, gur chóir spriocanna sonracha a leagan síos le haghaidh gach cainéal Virgin Media Group?

- Cad a cheapann tú den mholadh chun leasú a dhéanamh ar an gceanglas reatha ionas go n-áireofaí méaduithe i bhfotheidealú do chlársceidealú leanaí le méaduithe i bhfotheidealú gach bliain ar gach seirbhís de chuid RTÉ seachas díreach RTÉ 1 agus RTÉ 2?

- Cad a cheapann tú den mholadh deireadh a chur, ón mbliain 2024 ar aghaidh, leis an gcumas atá ag craoltóirí freastal ar a gcuid spriocanna fotheidealaithe trí sholáthar teidealaithe?

5.4 Na Rialacha maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (Rannán 7 de na dréacht-Rialacha)

Tá roinnt athruithe beartaithe maidir leis an gcuid seo de na dréacht-Rialacha. Is iad seo a leanas na hathruithe atá beartaithe:-

- Déileáiltear sna Rialacha reatha le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc faoi rannán amháin. Sna dréacht-Rialacha, láimhseáiltear iad in dhá rannán ar leithligh. Rinneadh an t-athrú sin ionas go mbeidh sé níos éasca na Rialacha a léamh ach léirítear freisin an stádas difriúil a thugtar do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann tar éis achtú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017.

  Tugadh aitheantas don teanga san Acht agus cuirtear oibleagáidí ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a éascú. Folaítear san Acht foráil ghinearálta maidir leis an soláthar a dhéanann craoltóirí ar Theanga Chomharthaíochta na

hÉireann agus cuirtear dualgas orthu, ag comhlíonadh a gcuid tiomantais faoi na Rialacha Rochtana, cloí le “prionsabail chomhionannais, dínite agus ómóis ó thaobh cláir den sórt sin a chur chun cinn agus a chraoladh.”

- Agus aird ar fhorálacha an Achta a luadh roimhe seo, tugtar tosaíocht san Acht do mhéaduithe i soláthar rochtana do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann i gcomparáid le fotheidealú. Cé gur tharla sé i gcás fotheidealaithe, go bhfuil na spriocanna a leagadh síos le haghaidh 2019 ag an gceann is ísle do 2018, i gcás Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, tá méaduithe i bhfeidhm le haghaidh RTÉ 1, RTÉ 2 agus RTÉ Jnr ó 2019 i leith.

- Folaítear sna dréacht-Rialacha, den chéad uair, oibleagáid a bheartaítear a chur ar TV3 chun Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar. Arís, léiríonn sé sin an stádas nua atá tugtha do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Tá bonn eolais ag an moladh seo freisin ó Phrionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair an Údaráis, go háirithe céim forbartha an chraoltóra seo, an seasamh atá aige sa mhargadh, cumas na seirbhíse seo an fhoráil sin a mhaoiniú chomh maith le Prionsabal na hIncriminte atá leagtha amach i bPrionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair an Údaráis.

- Murab ionann agus na rialacha maidir le fotheidealú, is i gcomhair 2019 agus 2020 amháin atá na spriocanna agus na frámaí ama atá beartaithe le haghaidh Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus cuirimid fáilte roimh do

thuairimí anois maidir leis na spriocanna ba chóir a leagan síos do na blianta 2021-2023. Is mar an gcéanna an réasúnacht don chur chuige seo agus é sin atá i bhfeidhm maidir le fotheidealú agus tá sé sin mionsonraithe thuas.

- Áirítear oibleagáid sna Rialacha reatha go n-áireofar, as an méadú iomlán ar sholáthar Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthraítear ar bhonn bliantúil do sheirbhísí RTÉ, cion réasúnach de chláir leanaí. I bhfianaise na spriocanna le haghaidh RTÉ Jr agus méaduithe sna spriocanna sin a bheith curtha san áireamh, tá sé beartaithe an oibleagáid sin a bhaint as na Rialacha. In ionad sin cuireadh isteach oibleagáid lena chinntiú go gcuimsítear i gcion na méaduithe i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fud na seirbhísí go léir le soláthar Teanga Chomharthaíochta na hÉireann clársceidealú a tháirgtear ag baile (Riail 7.6). Mar sin féin, baineadh amach an focal ‘réasúnta’ toisc nár cheap an tÚdarás é sin a bheith intomhaiste i gcleachtas.

- Maidir leis na moltaí eile faoin rannán seo de na dréacht-Rialacha – tá an tréimhse 24 uair an chloig nach mór na hoibleagáidí maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chomhlíonadh (dréacht-Riail 7.2) fós i bhfeidhm.

  Ina theannta sin, tá na forálacha a cheadaíonn Oireachtas TV agus iad sin a sholáthraíonn Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ar bhonn deonach, chun soláthar Teanga Chomharthaíocht na hÉireann a sheach-chur i gcoinne a

gcuid spriocanna fotheidealaithe coinnithe freisin (dréacht-Rialacha 7.4 & 7.5).

Mar a luadh thuas, tá aird ag an gcur chuige atá beartaithe ar an Acht nua um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Mar sin féin, seans go gcuirfidh cur i bhfeidhm an Achta sin éileamh níos mó ar ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus dá bhrí sin tá roinnt éiginnte maidir leis an gcumas i measc ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus, dá bhrí sin, ar chraoltóirí, chun spriocanna maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann atá níos airde ná iad sin atá beartaithe a chomhlíonadh. Táthar ag lorg tuairimí sa chomhairliúchán dá bhrí sin faoi na spriocanna atá beartaithe don tréimhse 2021-2024.

Ceisteanna Comhairliúcháin:-

- Cad a cheapann tú de na spriocanna atá beartaithe i gcomhair Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, lena n-áirítear spriocanna le haghaidh TV3, le haghaidh 2019 agus 2020?

- I dtéarmaí spriocanna Theanga Chomharthaíochta na hÉireann atá le socrú i gcomhair 2021-2023, cén céatadán ba chóir a shocrú le haghaidh gach craoltóra i gcomhthéacs na bPrionsabal Rochtana agus na dTosca Tionchair?

  Nuair is iomchuí, tabhair faisnéis bhreise mar thaca le do thuairim maidir leis na spriocanna sin.

- I dtéarmaí aon mholtaí chun na spriocanna i gcomhair Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a mhéadú sna bliana beaga seo romhainn, cad a cheapann tú de chumas soláthraithe reatha a bheith ábalta an t-éileamh ar ateangaireacht bhreise do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a chomhlíonadh?

- Cad a cheapann tú den mholadh chun an ceanglas reatha a leasú ionas go n-áireofaí le méaduithe i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann gach bliain méaduithe i gclársceidealú a táirgeadh ag baile ar gach seirbhís le tiomantais Theanga Chomharthaíochta na hÉireann in ionad clársceidealú leanaí ar RTÉ 1 agus RTÉ 2 amháin?

- Cad a cheapann de na rialacha eile atá beartaithe faoin rannán seo de na dréacht-Rialacha?

5.5 Na Rialacha maidir le Clostuairisc (Rannán 8 de na dréacht-Rialacha)

Tá roinnt athruithe beartaithe maidir leis an gcuid seo de na dréacht-Rialacha. Is iad seo a leanas na hathruithe atá beartaithe:-

- I bhfianaise na réasúnachta atá leagtha amach thuas le haghaidh Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, moltar go ndéileálfaí le clostuairisc freisin faoi rannán ar leithligh.
  Tá bonn eolais ag an gcinneadh sin freisin ón rún tuilleadh spriocanna forleithne a mholadh don chineál sin soláthar rochtana.

- Ach an oiread le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, tá sé beartaithe sna dréacht-Rialacha oibleagáid chun clostuairisc a sholáthar ar TV3 a áireamh den chéad uair. Arís, tá sé sin beartaithe agus aird ar na hImthosca Tionchair agus ar na Prionsabail Rochtana, léirítear céim forbartha an chraoltóra sin, cumas na seirbhíse an soláthar sin a mhaoiniú mar aon le Prionsabal na hIncriminte. Is é an difear idir Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc ná go mbítear ag brath, i gcás Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, orthu sin atá oilte chun an teanga a úsáid. Tá na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar sholáthar clostuairisce nasctha leis an gcostas a bhaineann lena sholáthar, chomh hoiriúnach is atá clár ar leith chun clostuairisc a éascú agus an craoltóir socraithe suas go teicniúil chun clostuairisc a tharchur ar a sheirbhís(í).

- Ach an oiread leis na moltaí maidir le fotheidealú agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, is i gcomhair 2019 agus 2020 amháin atá na spriocanna agus na frámaí ama clostuairisce atá beartaithe agus cuirtear fáilte roimh thuairimí maidir leis na spriocanna a leagfar síos le haghaidh 2021-2023 agus tá baint ag an réasúnacht chuige sin le forbairtí ar leibhéal AE.

- Maidir leis na moltaí eile faoin gceannteideal seo, coinnítear an tréimhse ama 18 n-uair an chloig sna dréacht-Rialacha athbhreithnithe nach mór na hoibleagáidí maidir le clostuairisc a chomhlíonadh (Riail 8.2).

Ina theannta sin, tá an fhoráil trína gceadaítear dóibh siúd a sholáthraíonn clostuairisc ar bhonn deonach, an soláthar sin a sheach-chur i gcoinne a spriocanna fotheidealaithe coinnithe freisin (Riail 8.5).

- Ar deireadh, tá an riachtanas go gcaithfidh cion den mhéadú i gclostuairisc i mbliain áirithe a bheith bainteach le cláir a tháirgtear ag baile coinnithe freisin. Tá feidhm leis an tiomantas anois maidir le gach seirbhís teilifíse seachas díreach le RTÉ. Mar sin féin, baineadh amach an focal ‘réasúnta’ toisc nach bhfuil sé sin intomhaiste i gcleachtas.

Ceisteanna Comhairliúcháin:-

- Cad a cheapann tú de na spriocanna atá beartaithe i gcomhair clostuairisce, lena n-áirítear spriocanna le haghaidh TV3, le haghaidh 2019 agus 2020?

- I dtéarmaí na spriocanna clostuairisce a leagfar síos le haghaidh 2021-2023, cé na céatadáin ba chóir a leagan síos le haghaidh gach craoltóir i gcomhthéacs na bPrionsabal Rochtana agus na dTosca Tionchair? Nuair is iomchuí, tabhair faisnéis bhreise mar thaca le do thuairim maidir leis na spriocanna sin.

- Cad a cheapann tú den mholadh go n-áireofaí clársceidealú a tháirgtear ag baile in aon mhéaduithe i gclostuairisc ar na seirbhísí go léir?

- Cad a cheapann de na rialacha eile atá beartaithe faoin rannán seo de na dréacht-Rialacha?

5.6 Na Rialacha a chomhlíonadh (Rannán 9 de na dréacht-Rialacha athbhreithnithe)

Is rannán nua é seo. Léiríonn na forálacha atá leagtha amach den chuid is mó, áfach, an cur chuige reatha lena chinntiú go gcomhlíontar na Rialacha atá mar bhonn eolais ag na tuarascálacha a thugtar do Choiste um Chomhlíonadh an Údaráis ar bhonn bliantúil. Baineann an príomhathrú leis an moladh tuarascáil phoiblí a fhoilsiú go bliantúil ina dtabharfaí sonraí faoi mar atá craoltóirí ag comhlíonadh na Rialacha.

Cé gur cuireadh torthaí mheasúnú an Choiste um Chomhlíonadh maidir le comhlíonadh ar fáil ar bhonn rialta do ghrúpaí a dhéanann ionadaíocht ar úsáideoirí rochtana agus do bhaill Phainéil Chomhairliúcháin Úsáideoirí an Údaráis, tarraingíodh aird san athbhreithniú reachtúil go raibh daoine ar thóir trédhearcachta níos mó maidir le torthaí comhlíontachta chomh maith le heaspa feasachta faoin bpróiseas a úsáideadh chun comhlíonadh a mheas. Sa chomhthéacs sin, tá an rannán seo beartaithe chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

Mar sin féin, toisc gur ceist oibríochta í seo den chuid is mó, fágann na Rialacha atá beartaithe saoirse ag an Údarás na próisis a leasú de réir mar is gá. Sa rannán seo de na Rialacha déantar nasc soiléir idir comhlíonadh caighdeán cáilíochta le measúnú ar an gcaoi a bhfuil craoltóirí ag baint amach spriocanna.

Cé gur eisigh an tÚdarás fógraí um chomhlíonadh roimhe seo i gcás nár chomhlíon craoltóirí na caighdeáin cháilíochta, rinne sé machnamh air seo as féin ó mheasúnú ar bhaint amach spriocanna. Tháinig an cheist sin chun cinn i rith an athbhreithnithe reachtúil agus téitear i ngleic leis sna dréacht-mholtaí.

Ar aon dul leis sin, tógfar an monatóireacht a dhéanfaidh an tÚdarás ar aschur anois ó shampla níos leithne ar feadh na bliana craolacháin, agus leis sin beifear in ann measúnú níos cuimsithí a dhéanamh ar chomhlíonadh cáilíochta agus a bheidh mar chuid de mheasúnú an Údaráis ar chomhlíonadh trí chéile.

Ceist Chomhairliúcháin:-

- Cén sórt tuairimí atá agat faoi na moltaí atá leagtha amach i rannán 9 (Na Rialacha a Chomhlíonadh) de na dréacht-Rialacha?

5.7 Gearáin, Tacaíocht le haghaidh Chur chun Feidhme na Rialacha, Dáta Éifeachtach, Treoir maidir leis na Rialacha agus Athbhreithniú ar na Rialacha (Rannáin 10 – 13 de na dréacht-Rialacha athbhreithnithe)

Is gnéithe caighdeánacha i ngach cód agus riail de chuid an Údaráis iad Rannán 10, 12 agus 13 de na dréacht-Rialacha athbhreithnithe agus ní thugtar isteach aon athruithe beartais leo. Mar sin féin, tá Rannán 11 nua agus tugadh isteach é mar gheall ar an athbhreithniú reachtúil. Tarraingíodh aird san athbhreithniú

sin ar fonn a bhí ar pháirtithe leasmhara (úsáideoirí rochtana agus craoltóirí) ionchur agus tacaíocht níos mó a fháil ón Údarás d'fhonn cur chuige níos cuimsithí a ghlacadh maidir le feidhmiú agus cur i bhfeidhm na Rialacha.

Is bearta iad na raoin sprice a tugadh isteach, na cruinnithe bliantúla le craoltóirí inar áiríodh gné fhadbhreathnaitheach, agus na Painéil Chomhairliúcháin d'Úsáideoirí Rochtana a tugadh isteach, a bhí beartaithe a bheag nó a mhór, chun cur chuige a chruthú maidir le rialúchán atá níos caolchúisí, cuir i gcás, rialachán fógraíochta. Sa chomhthéacs sin, agus aird ar thorthaí an athbhreithnithe reachtúil, tá an rannán seo áirithe chun tiomantas an Údaráis a leagan síos chun tacú le cur i bhfeidhm na Rialacha. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, éascú a dhéanamh, ar fhóram bliantúil nó ar chomhfhóram débhliantúil ina nglacfaidh an tÚdarás, craoltóirí, úsáideoirí rochtana agus, déantóirí clár páirt chun eolas a mhalartú. Leis an gcur chuige a ghlacfar caithfear solúbthacht a thabhairt don Údarás maidir leis an mbealach a bhféadfadh sé an tacaíocht sin a chur ar fáil, agus aird ar chumas acmhainní inmheánacha an Údaráis agus a chuid tosaíochtaí straitéiseacha.

Ceisteanna Comhairliúcháin:-

- Cad a cheapann tú de na moltaí atá leagtha amach i rannáin 10 – 13 de na dréacht-Rialacha?

- Cén sórt gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an tÚdarás a sholáthar chun tacú le cur i bhfeidhm na Rialacha?

5.8 Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair, Caighdeáin Cháilíochta agus Reachtaíocht (Aguisíní 1, 2, & 3)

Mar a dúradh thuas, beartaítear leis na dréacht-Rialacha na Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair atá in úsáid ag an Údarás a leagan síos chun spriocanna rochtana agus frámaí ama a shocrú. Níl sé sin amhlaidh faoi láthair. Ina theannta sin, foilsíodh astu féin freisin na Caighdeáin Cháilíochta a d'fhorbair an tÚdarás maidir le fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc agus tá sé beartaithe iad sin a áireamh sna Rialacha deiridh.

I dtéarmaí na bprionsabal agus na n-imthosca, níl aon athrú mór orthu sin ó tugadh isteach iad in 2005. Rinneadh athrú amháin agus leis sin tugadh isteach an sciar féachana do chraoltóir teilifíse mar cheann de na gnéithe a áireofar faoin toisc tionchair a bhaineann le céim forbartha an tsoláthraí craolacháin. Áiríodh é sin chun go gcuirfí sciar féachana san áireamh nuair atá na Rialacha á leagan síos.

Tá sé sin coitianta i ndlínsí eile agus is é an príomhshásra é a úsáidtear sa Bhreatain agus i dTuaisceart Éireann. I gcás rialacha na hÉireann, ní raibh siad siúd a bhí rannpháirteach san athbhreithniú reachtúil an-sásta é a úsáid mar thoisc aonair.

Nuair a chuirfear an dá aguisín sin san áireamh beidh an chéad deis ann ó tugadh na Rialacha isteach in 2005 chun tuairimí a lorg maidir leis na gnéithe oibríochta sin de na Rialacha.

Cé nach ndearnadh aon iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh ar na prionsabail agus tosca ag éirí ón athbhreithniú reachtúil, tá an comhairliúchán maidir leo tráthúil go leor ag glacadh leis an tréimhse ama atá imithe thart ó tugadh isteach iad agus aird freisin ar thírdhreach athraithe na meán. Tháinig na treoirlínte cáilíochta agus chomh hoiriúnach is atá siad aníos i gcomhthéacs an athbhreithnithe reachtúil agus tabharfaidh an comhairliúchán deis do pháirtithe leasmhara tuairim a thabhairt maidir lena n-oiriúnacht i láthair na huaire.

Leagtar síos in Aguisín 3 a ghabhann leis na dréacht-Rialacha an bunús reachtúil do na Rialacha agus reachtaíocht ábhartha eile. Rinneadh nuashonrú ar an gcuid seo chun tagairt do Alt 8 den Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017 a áireamh. Cuireann an tAcht seo oibleagáid ar chraoltóirí, agus iad ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí faoi na Rialacha maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann cloí le prionsabail chomhionannais, dínite agus ómóis nuair atá cláir ina bhfuil Teanga Chomharthaíochta na hÉireann á gcur chun cinn agus á gcraoladh.

Ceisteanna Comhairliúcháin:-

- Cad a cheapann tú de Phrionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair an Údaráis atá leagtha amach in Aguisín 1 leis na dréacht-Rialacha?

- Cad a cheapann tú de na treoirlínte cáilíochta maidir le fotheidealú, clostuairisc agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann atá leagtha amach in Aguisín 2 leis na dréacht-Rialacha? Ná bíodh drogall ort tuairim a thabhairt ar na treoirlínte go léir nó iad sin amháin a bhaineann leat féin go pearsanta.

- Tá tagairt don Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017 cuimsithe in Aguisín 3. Céard iad na céimeanna praiticiúla a chreideann tú ba chóir do chraoltóirí a ghlacadh lena chinntiú go gcloíonn siad le prionsabail chomhionannais, dínite agus ómóis nuair atá cláir ina bhfuil Teanga Chomharthaíochta na hÉireann á gcur chun cinn agus á gcraoladh?

- An bhfuil aon tuairimí eile agat faoi na dréacht-Rialacha atá á moladh ag an Údarás?

Saoráil Faisnéise

Seo próiseas comhairliúcháin phoiblí agus tar éis machnamh a bheith déanta ag Bord an Údaráis ar aighneachtaí, cuirfear an fhaisnéis go léir a sheolfar isteach ar fáil go poiblí ach í a iarraidh. Mar sin féin, féadfaidh tú gnéithe de d'aighneacht a dhéanamh faoi rún. Más amhlaidh an cás, nuair a bheidh tú ag déanamh na n-aighneachtaí sainaithin aon fhaisnéis nach mian leat a nochtadh go poiblí agus sonraigh na cúiseanna go bhfuil an fhaisnéis sin leochaileach.

Tá comhaontuithe idir an tÚdarás agus freagróirí an chomhairliúcháin, maidir le faisnéis rúnda, gan dochar d'oibleagáidí an Údaráis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003. Má fhaigheann an tÚdarás iarratas ar fhaisnéis a chuirtear isteach faoi rún, rachfar i gcomhairle leat sula ndéanfar aon chinneadh.

Aguisín 1

Dréacht-Rialacha Rochtana Athbhreithnithe

Clár Ábhar

1. Réamhrá……3

2. Raon Feidhme agus Dlínse……..3

3. Spriocanna agus Frámaí Ama a Shocrú……4

4. Sainmhínithe……4

5. Rialacha Ginearálta a Bhaineann le Gach Soláthar Rochtana.....6

6. Rialacha maidir le Fotheidealú……9

7. Rialacha maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL).11

8. Rialacha maidir le Clostuairisc (AD) …… 13

9. Na Rialacha seo a Chomhlíonadh……14

10. Gearáin……16

11. Tacaíocht le haghaidh Chur chun Feidhme na Rialacha……..16

12. Dáta Éifeachtach……16

13. Treoir maidir leis na Rialacha do Chraoltóirí……17

14. Athbhreithniú ar na Rialacha Rochtana…….17

Aguisín i. Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair……..…18

Aguisín ii. Caighdeáin Cháilíochta – fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc……..…24

Aguisín iii. Forálacha Reachtacha……...65

1. Réamhrá

Tá roinnt forálacha san Acht Craolacháin 2009 maidir le rialacha is gá d'Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) a dhéanamh chun an tuiscint agus an taitneamh a chur chun cinn a bhainfidh daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu, daoine atá dall nó caoch, agus daoine a bhfuil mallachar éisteachta orthu agus atá caoch as cláir.

Is iad na hailt iomchuí alt 43(1)(c), alt 43(2), alt 43(3) agus alt 43(6) den Acht Craolacháin 2009. Ní mór do chraoltóirí aird a thabhairt ar alt 8 den Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017 freisin. Sonraítear na forálacha reachtúla sin in Aguisín 3.

De réir na bhforálacha sin den Acht Craolacháin 2009, leagann an BAI amach, leis seo, na Rialacha seo a leanas.

2. Raon Feidhme agus Dlínse

Ní mór do chraoltóirí teilifíse atá bunaithe laistigh de dhlínse Phoblacht na hÉireann forálacha na Rialacha Rochtana a chomhlíonadh. Ní bheidh feidhm ag na Rialacha i leith seirbhísí eile a fhaightear sa Stát seo de ghnáth ach a fuair ceadúnú sa Ríocht Aontaithe nó i ndlínsí eile. Ní bheidh feidhm ag na Rialacha maidir le hábhar neamhchraolacháin, lena n-áirítear ábhar a sholáthraítear trí sheinnteoirí ar éileamh a sholáthraíonn craoltóirí agus atá ar fáil ar líne.

Ina ainneoin sin, aithníonn an BAI go soláthraíonn craoltóirí cláir inrochtana trí sheinnteoirí ar éileamh agus fáiltíonn sé roimh bhuanú, méadú nó cur ar fáil breise an tsoláthair sin ar líne.

3. Spriocanna agus Frámaí Ama a Shocrú

Maidir le spriocanna agus frámaí ama a shocrú le haghaidh soláthar seirbhísí rochtana, déanfaidh an BAI an méid sin faoi threoir na bPrionsabal Rochtana agus na dTosca Tionchair atá forbartha aige agus atá leagtha amach in Aguisín 1.

Forchoimeádann an BAI an ceart aige féin na Rialacha a shíneadh le go n-áireofaí seirbhísí teilifíse breise a rialaíonn an BAI faoin Acht Craolacháin 2009, thar thréimhse oibriúcháin na Rialacha seo. Áirítear leis seo seirbhísí atá ceadúnaithe sa Stát ach atá dírithe ar thíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Déanfaidh an BAI an measúnú sin de réir cáis ar chás ag féachaint do na Prionsabail Rochtana agus na Tosca Tionchair.

4. Sainmhínithe

Úsáidtear roinnt téarmaí síos tríd na Rialacha. Tá na téarmaí sin leagtha amach agus sainmhínithe thíos.

Fotheidealú

Is é atá i bhfotheidealú ná téacs ar an scáileán lena léirítear an méid atá á rá ar an scáileán teilifíse. Féadfaidh fotheidealú a bheith oscailte nó dúnta.

Is é atá i gceist le fotheidealú oscailte ná fotheidealú a fhanann ar an scáileán an t-am go léir. Is féidir leis an lucht féachana fotheidealú dúnta a dhéanamh infheicthe nó dofheicthe (ag brath ar pé rud is maith leo féin) trí úsáid a bhaint as cianrialtán, mar shampla. Bíonn fotheidealú formáidithe i dtreo is go gcabhródh sé le léirmhíniú agus tuiscint an téacs agus go nascfar leis an ngníomhaíocht ar an scáileán é ar bhealach níos cruinne.

Fortheidealú

Is é atá i bhfortheidealú ná téacs ar an scáileán lena léirítear an méid atá á rá ar an scáileán teilifíse. Cé go bhfuil sé cosúil le fotheidealú, níl sé chomh sofaisticiúil céanna agus bíonn léiriú níos bunúsaí ar an méid atá á rá ar an scáileán i gceist leis, uaireanta ní bhíonn ach dath amháin, bíonn sé focal ar fhocal agus d'fhéadfadh an téacs a bheith i gcás uachtair amháin.

Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

Is é atá i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann ná teanga dhúchasach phobal na mbodhar in Éirinn. Is teanga amhairc, spásúil í a bhfuil a comhréir féin aici, mar aon le struchtúr casta gramadaí. Caithfear comharthaíocht a chur i láthair ar scáileán teilifíse trí chomharthóir a úsáid mar chuid d'ábhar an chláir, nó trí chomharthóir a úsáid (duine i ndáiríre nó duine fíorúil arna chruthú ag ríomhaire) ag gníomhú mar ateangaire i mbosca atá forshuite i gcúinne an scáileáin.

Clostuairisc

Is é atá i gclostuairisc ná tráchtaireacht ina ndéantar cur síos ó bhéal ar an méid atá ag tarlú ar an scáileán teilifíse ag am ar bith le haghaidh daoine a bhfuil lagú amhairc orthu, mar chabhair chun an clár a thuiscint agus chun taitneamh a bhaint as. Leis an teicníc seo, úsáidtear dara fuaimrian ina dtugtar tuairisc ar an radharc agus ar an ngníomhaíocht ar an scáileán.

5. Rialacha Ginearálta a Bhaineann le Gach Soláthar Rochtana

5.1 Caighdeáin Cháilíochta: Is é cuspóir na Rialacha seo an tuiscint agus an taitneamh a bhaintear as cláir theilifíse a chur chun cinn. Déantar é sin trí fhotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc a sholáthar. Sa chomhthéacs sin, tá caighdeáin forbartha ag an BAI a mbeidh feidhm acu maidir le soláthar seirbhísí rochtana. Soláthraítear na caighdeáin sin in Aguisín 2 agus comhlíonfaidh craoltóirí na caighdeáin sin.

Is ríthábhachtach go gcoinneofar soláthar rochtana ardchaighdeáin lena chinntiú go rachfar chun leasa don lucht féachana a bhaineann úsáid as na seirbhísí seo, agus glacfaidh craoltóirí céimeanna chun faireachán a dhéanamh ar ábhar tráth an tarchuir chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil caighdeáin cháilíochta á gcomhlíonadh.

5.2 **Éigeandálaí Náisiúnta**: D'fhonn a chinntiú go gcoimeádfar lucht féachana óna dteastaíonn seirbhísí cúnta ar an eolas faoi éigeandálaí náisiúnta, cinnteoidh craoltóirí go ndéarfar nó go gcuirfear fotheidil (i bhformáid oscailte más féidir) le haon fhaisnéis thábhachtach a sholáthraíonn rialtas na hÉireann ar an aer, lena n-áirítear uimhreacha gutháin ábhartha, etc., agus go dtabharfar dóthain ama chun na sonraí a bhreacadh síos. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann freisin, más féidir.

Maidir le tuairisciú ar imeachtaí, ar chomhdhálacha nuachta, etc. a bhfreastalaíonn ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann orthu, cinnteoidh craoltóirí go mbeidh na hateangairí le feiceáil go soiléir agus go mbeidh an lucht féachana in ann iad a thuiscint.

5.3 **Soláthar Rochtana a Chur chun Cinn:** I gcur chun cinn na gclár a bhfuil seirbhísí rochtana acu agus ag tús chraoladh na gclár sin, bainfidh craoltóirí úsáid as siombail chaighdeánach lena léiriú go bhfuil an clár inrochtana.

Cinnteoidh craoltóirí go léireofar in aon liostaí a chruthaítear agus a luaitear i gcló, i gcraolachán nó ar líne (lena n-áirítear trí na meáin shóisialta) na cláir sin dá bhfuil soláthar rochtana ar fáil chomh maith leis an gcineál soláthair atá i gceist, ach amháin i gcás nach féidir é sin a dhéanamh agus gur féidir é sin a chur in iúl go soiléir.

Déanfaidh craoltóirí úsáid na foirme/na bhfoirmeacha soláthair rochtana atá ar fáil ar a gcuid seirbhísí a chur chun cinn go rialta ar a seirbhísí teilifíse.

5.4 Oibleagáid chun Dul i gComhairle le hÚsáideoirí Rochtana: Rachaidh craoltóirí i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí rochtana éagsúla go tráthrialta agus uair amháin sa bhliain ar a laghad chun a gcuid tuairimí a fháil maidir lena roghanna amhairc, feidhmíocht an chraoltóra i gcoinne na Rialacha agus nithe gaolmhara eile.

5.5 Oifigeach Idirchaidrimh Rochtana: Ainmneoidh craoltóirí duine/daoine chun déileáil le ceisteanna ón lucht féachana maidir le cur i bhfeidhm na Rialacha seo ar a seirbhís(í).

Beidh faisnéis i dtaca le hainm agus sonraí teagmhála an duine/na ndaoine ar fáil go poiblí, mar shampla, ar shuíomh gréasáin an chraoltóra.

5.6 Spriocanna a Thabhairt ar Aghaidh: I gcás nach mbaineann craoltóir a spriocanna amach i mbliain áirithe, déanfar an difríocht idir an sprioc a baineadh amach agus an sprioc atá riachtanach a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain ina dhiaidh sin agus déanfar measúnú uirthi dá réir. Ar an gcaoi chéanna, má sháraíonn craoltóir a sprioc riachtanach do bhliain áirithe, féadfar an difríocht a fhritháireamh in aghaidh na sprice don bhliain ina dhiaidh sin. Sa dá chás, ní bheidh feidhm ag aon tabhairt ar aghaidh den sórt sin ach amháin maidir leis an mbliain féilire dár gcionn agus ní fhéadfar níos mó ná 5% den sprioc a leagadh síos don bhliain roimhe sin a chur san áireamh.

6. Rialacha maidir le Fotheidealú

6.1 Aithníodh sainspriocanna fotheidealaithe le haghaidh gach seirbhís craolacháin agus comhlíonfaidh craoltóirí na spriocanna agus na frámaí ama a bhaineann lena seirbhís(í). Socraítear iad sin faoi threoir chéatadán an aschuir ar cheart go mbeadh fotheidealú ag gabháil leis. Tá na spriocanna go léir bunaithe ar fhráma ama cúig bliana.

I gcás craoltóirí áirithe, déantar tagairt freisin do spriocanna atá le baint amach le linn na dtréimhsí buaicama (6pm go 11.30pm) agus do chéatadán na gclár le linn na tréimhse sin ar cheart go mbeadh fotheidealú ag gabháil leo.

6.2 I gcás bhunús na seirbhísí, déanfar measúnú ar spriocanna fotheidealaithe bunaithe ar lá 18 n-uaire an chloig ó 7am-1am. Beidh eisceacht i gceist i gcás aon chainéil ina bhfuil fad an lae craolacháin níos lú ná 18 n-uaire an chloig. I gcásanna dá leithéid, déanfar an riachtanas maidir le fotheidealú a thomhas ar feadh lá craolacháin an chainéil.

6.3 I gcás RTÉ, as an méadú ar an gcéatadán bliantúil d'fhotheidealú a dhéantar, cuimseofar cláir do leanaí mar chion de, nuair is iomchuí.

6.4 Ceadaítear do chraoltóirí roinnt fortheidealaithe a chur san áireamh agus spriocanna fotheidealaithe á mbaint amach. Mar sin féin, ó 2024 ar aghaidh, ní chuirfidh an BAI fortheidealú san áireamh a thuilleadh nuair a dhéanfar measúnú ar chomhlíonadh na spriocanna fotheidealaithe a leagtar amach sna Rialacha seo.

6.5 Is iad seo a leanas na frámaí ama agus na spriocanna maidir le fotheidealú do 2019-2023:-

	2019	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**
RTÉ 1	87% (95% Buaicam)	88% (95% Buaicam)	Téigh i gcomhairle		
RTÉ 2	73% (85% Buaicam)	74% (85% Buaicam)	Téigh i gcomhairle		
Seirbhísí eile de chuid RTÉ[1]	45% den chomhaschur	46% den chomhaschur	Téigh i gcomhairle		
TV3	51% (50% Buaicam)	53% (50% Buaicam)	Téigh i gcomhairle		

[1] RTÉ Jr, RTÉ News Now ach gan aon chainéil +1 nó HD. Féadfaidh an BAI an céatadán seo a athbhreithniú má thugann RTÉ seirbhísí nua isteach. Chomh maith leis an sprioc seo, níor mhór go mbeadh cláir do leanaí i gceist le 50%, ar a laghad, den aschur a bhfuil fotheidil leis.

Seirbhísí eile de chuid TV3[2]	50% den chomhaschur[3]	52% den chomhaschur	Téigh i gcomhairle
TG4	57% (60% Buaicam)	58% (60% Buaicam)	Téigh i gcomhairle
Eir Sport 1	12%	13%	Téigh i gcomhairle
Cainéil +1 agus HD	Cuirfear aon fhotheidealú a bhíonn ar an bpríomhsheirbhís teilifíse ar fáil ar chainéil +1/HD		
Oireachtas TV	16%	18%	Téigh i gcomhairle
CCTV	11%	11%	Téigh i gcomhairle
DCTV	11%	11%	Téigh i gcomhairle

7. Rialacha maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL)

7.1 Aithníodh sainspriocanna ISL le haghaidh gach seirbhís craolacháin. Comhlíonfaidh craoltóirí ábhartha na spriocanna agus na frámaí ama a bhaineann lena seirbhís(í). Tá na spriocanna go léir bunaithe ar fhráma ama cúig bliana.

[2] 3e agus Be3 ach gan aon chainéil +1 nó HD. Féadfaidh an BAI an sprioc seo a athbhreithniú má thugann TV3 seirbhísí nua isteach.
[3] Is cúram don chraoltóir é an dóigh a ndéanfar an soláthar rochtana a roinnt thar na cainéil ábhartha.

7.2 I gcás bhunús na seirbhísí, déanfaidh an BAI measúnú ar spriocanna ISL bunaithe ar lá 24 uair an chloig. Beidh eisceacht i gceist i gcás aon chainéil ina bhfuil fad an lae craolacháin níos lú ná 24 uair an chloig. I gcásanna dá leithéid, déanfar an riachtanas maidir le ISL a thomhas ar feadh lá craolacháin an chainéil.

7.3 Is iad seo a leanas na frámaí ama agus na spriocanna maidir le ISL do 2019-2023:-

	2019	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**
RTÉ 1 agus 2	3%	3.5%	Téigh i gcomhairle		
RTÉ Jr	2%	2.5%	Téigh i gcomhairle		
TV3	0%	0.5%	Téigh i gcomhairle		
Cainéil +1 agus HD	Cuirfear aon ISL a bhíonn ar an bpríomhsheirbhís teilifíse ar fáil ar chainéil +1/HD				
Oireachtas TV	4%	5%	Téigh i gcomhairle		

7.4 I gcás Oireachtas TV, féadfar soláthar ISL a fhritháireamh in aghaidh na spriocanna a leagtar síos sna Rialacha seo maidir le fotheidealú ar an tseirbhís seo.

7.5 I gcás soláthar ISL a chuirtear ar fáil ar chraoltóirí nach bhfuil oibleagáid éigeantach orthu ina leith sin, féadfar aon fhoráil dheonach den sórt sin a fhritháireamh in aghaidh na spriocanna maidir le fotheidealú.

7.6 As an méadú iomlán ar an méid ISL arna soláthar ar bhonn bliantúil, beidh cion de ina gcláir bhaile.

8. Rialacha maidir le Clostuairisc (AD)

8.1 Aithníodh sainspriocanna AD le haghaidh gach seirbhís craolacháin. Comhlíonfaidh craoltóirí ábhartha na spriocanna agus na frámaí ama a bhaineann lena seirbhís(í). Tá na spriocanna go léir bunaithe ar fhráma ama cúig bliana.

8.2 I gcás bhunús na seirbhísí, déanfaidh an BAI measúnú ar spriocanna AD bunaithe ar lá 18 n-uaire an chloig (7am-1am) Beidh eisceacht i gceist i gcás aon chainéil ina bhfuil fad an lae craolacháin níos lú ná 18 n-uaire an chloig. I gcásanna dá leithéid, déanfar an riachtanas maidir le AD a thomhas ar feadh lá craolacháin an chainéil.

8.3 Is iad seo a leanas na frámaí ama agus na spriocanna maidir le AD do 2019-2023:-

	2019	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**
RTÉ 1 agus 2	5%	7%	Téigh i gcomhairle		
RTÉ Jr	6%	7%	Téigh i gcomhairle		
TV3	0%	2%	Téigh i gcomhairle		
Cainéil +1 agus HD	Cuirfear aon AD a bhíonn ar an bpríomhsheirbhís teilifíse ar fáil ar chainéil +1/HD.				

8.4 As an méadú iomlán ar an méid clostuairisce arna soláthar ar bhonn bliantúil, beidh cion de ina gcláir bhaile.

8.5 I gcás soláthar AD a chuirtear ar fáil ar chraoltóirí nach bhfuil oibleagáid éigeantach orthu ina leith sin, féadfar aon fhoráil dheonach den sórt sin a fhritháireamh in aghaidh na spriocanna maidir le fotheidealú.

9. Na Rialacha seo a Chomhlíonadh

Agus feidhmíocht i gcoinne na Rialacha seo á meas agus á tomhas, féadfaidh an BAI aghaidh a thabhairt ar chuid de na gníomhaíochtaí seo a leanas, nó iad uile:-

- Tuarascálacha a iarraidh ar chraoltóirí gach sé mhí maidir leis na cláir a craoladh le hábhar inrochtana.

- Measúnú a dhéanamh ar ábhar clár maidir le comhlíonadh na gcaighdeán a d'fhorbair an BAI i dtaca le soláthar fotheidealaithe, soláthar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus soláthar clostuairisce agus tuarascálacha ó chraoltóirí a chros-seiceáil in aghaidh an aschuir. Féadfaidh an BAI aird a thabhairt ar chaighdeán an tsoláthair rochtana a chuirtear ar fáil le linn dó a mhéid atá spriocanna bainte amach ag craoltóirí a chinneadh.

- Aiseolas a lorg ó na Painéil Chomhairliúcháin Úsáideora arna mbunú ag an BAI. Tá dhá phainéal comhairliúcháin ann. Tig le daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu, agus ionadaithe eagraíochtaí a dhéanann abhcóideacht ar a son, a bheith ina mball den chéad phainéal. Tá daoine atá dall nó caoch,

agus ionadaithe eagraíochtaí a dhéanann abhcóideacht ar a son, ar an dara painéal.

- Bualadh le craoltóirí ar bhonn bliantúil chun feidhmíocht i gcoinne na Rialacha a phlé tar éis aird a thabhairt ar na tuarascálacha a chuirtear ar fáil agus ar thorthaí an fhaireacháin.

- Tuarascáil a chur ar fáil go bliantúil don Choiste um Chomhlíonadh de chuid an BAI ina déileáiltear le feidhmíocht na gcraoltóirí i gcoinne na Rialacha.

- Beartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe an BAI a chur i bhfeidhm más léir nach bhfuiltear ag comhlíonadh na Rialacha Rochtana.

- Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina sonraítear comhlíonadh na Rialacha Rochtana ag craoltóirí.

Sa mhullach ar an méid thuas, forchoimeádann an BAI an ceart aige féin an cur chuige seo a athbhreithniú agus a leasú nó sásraí iomchuí eile um measúnú feidhmíochta a chur i bhfeidhm de réir mar is gá.

10. Gearáin

I gcás go mbíonn duine den lucht féachana míshásta leis an gcaoi a bhfuil na Rialacha á gcomhlíonadh ag craoltóir, ba chóir dó/di gearán a chur díreach chuig an gcraoltóir ábhartha sa chéad dul síos.

Mura mbíonn duine den lucht féachana sásta leis an bhfreagra a thugann an craoltóir, féadfaidh sé/sí an t-ábhar a tharchur chuig an BAI trí ríomhphost a chur chuig access@bai.ie.

11. Tacaíocht le haghaidh Chur chun Feidhme na Rialacha

Tacóidh an BAI le cur chun feidhme na Rialacha Rochtana ar bhonn leanúnach.

Comhaontóidh an BAI na sainbhearta tacaíochta a ghlacfar le linn thréimhse oibríochtúil na Rialacha seo tar éis dul i gcomhairle le craoltóirí, úsáideoirí rochtana agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar a leasanna. Féadfar a áireamh ar na bearta tacaíochta bearta agus gníomhaíochtaí forbartha acmhainne a bhaineann le cur chun cinn na Rialacha agus feasacht ar na Rialacha agus a thábhachtaí agus a luachmhaire atá siad do lucht féachana.

12. Dáta Éifeachtach

Tiocfaidh na Rialacha i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019.

13. Treoir maidir leis na Rialacha do Chraoltóirí

Soláthróidh an BAI treoir ghinearálta neamhcheangailteach maidir le forálacha na Rialacha seo.

Ní mór iarratais ar threoir den sórt sin a chur isteach trí ríomhphost, agus cóip den chlár a chur san áireamh, más ábhartha. Ba chóir go gcuirfí in iúl go soiléir san iarratas an t-alt/na hailt de na Rialacha, a chreideann an t-iarrthóir a bheith ábhartha, agus ba cheart go leagfaí amach ann an cheist shonrach ar mian leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith.

Ní ghlacann an BAI aon dliteanas i leith aon chinneadh (nó iarmhairtí a éireoidh) a dhéanann craoltóir craoladh ábhair a chur siar go dtí go bhfaighidh sé treoir ón BAI.

Ar an gcaoi chéanna, ní ghlacann an BAI aon dliteanas i leith aon chinneadh (nó iarmhairtí a éireoidh) a dhéanann craoltóir ábhar a chraoladh tar éis treoir ghinearálta neamhcheangailteach a fháil ón BAI.

14. Athbhreithniú ar na Rialacha Rochtana

Táthar le hathbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacha seo in 2021 agus in 2023 ach tá an rogha ag an BAI athbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacha, nó ar chuid de na Rialacha, roimh na dátaí sceidealaithe.

i.

Prionsabail Rochtana agus Tosca Tionchair

Prionsabail Rochtana

Tá ceithre phrionsabal rochtana ann ina leagtar amach aidhmeanna na Rialacha Rochtana agus cur chuige an BAI maidir le socrú na rialacha. Is iad na ceithre phrionsabal:-

i) Rochtain

Tá sé ina threoirphrionsabal ag an BAI gur cheart go mbeadh an rochtain is iomláine agus is féidir ag na saoránaigh sin (ar leagadh na Rialacha Rochtana síos ar a son) ar na meáin chraolacháin agus ar an gcumas atá acu oideachas a sholáthar, eolas a thabhairt agus siamsaíocht a chur ar fáil. Tá an prionsabal sin le feiceáil sna Rialacha Rochtana mar go dtagann gach craoltóir dúchasach faoi dhlínse na rialacha.

ii) Sármhaitheas

Aithnítear sa phrionsabal seo go mbaineann na Rialacha Rochtana le soláthar fotheidealaithe, le soláthar clostuairisce agus le soláthar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus, ina theannta sin, go mbaineann siad leis na caighdeáin agus leis an gcomhsheasmhacht a chaithfear a úsáid agus a bhaint amach le linn an méid sin a chur ar fáil, lena n-áirítear treoirlínte dea-chleachtais maidir le closláithreoireacht agus amharcláithreoireacht. Chuige sin, tá sraith caighdeán agus treoirlínte forbartha ag an BAI agus ní mór do chraoltóirí iad a bhaint amach d'fhonn seirbhís rochtana ardchaighdeáin a chinntiú.

iii) Dul chun cinn de réir a chéile

Aithnítear sa phrionsabal seo go bhforbrófar an leibhéal fotheidealaithe, an leibhéal clostuairisce agus an leibhéal de Theanga Chomharthaíochta na hÉireann de réir a chéile thar thréimhse ama. Mar thoradh air sin, beidh craoltóirí ábalta tuileadh forbartha a dhéanamh ar a gcumas agus ar a saineolas chun an tseirbhís seo a chur ar fáil. Tá an fráma ama cúig bliana sna Rialacha Rochtana bunaithe ar an bprionsabal seo a leanas – soláthar rochtana a mhéadú de réir a chéile le go mbeidh an craoltóir in ann forbairt agus soláthar seirbhíse rochtana ar ardchaighdeán a phleanáil. Aithnítear go bhfuil roinnt saincheisteanna seachas maoiniú a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu le go bhféadfaí soláthar rochtana a mhéadú.

iv) Freagrúlacht

Tá sé mar aidhm ag an bprionsabal seo cinnte a dhéanamh de go bhfreagraíonn forbairt an tsoláthair rochtana (fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc) do na riachtanais agus do na tosaíochtaí arna gcur in iúl ag na grúpaí úsáideoirí agus do na caighdeáin arna leagan síos ag an BAI, i gcomhairle leis an soláthraí craolacháin.

Tosca Tionchair

Agus na Prionsabail Rochtana á gcur san áireamh, is iad na tosca tionchair na tosca sin a úsáideann an BAI chun na spriocanna rochtana sonracha, agus na frámaí ama sonracha a bhaineann leis na spriocanna sin, a chinneadh, ar bhealach a léiríonn indibhidiúlacht gach seirbhíse atá faoi bhreithniú.

Seo a leanas na tosca tionchair:

a. Idirdhealú idir seirbhísí craolacháin

Déanann na Rialacha Rochtana idirdhealú idir craoltóirí bunaithe ar roinnt tosca. Is iad na tosca sin:

i) Cineál an tsoláthraí craolacháin

An seirbhís phoiblí nó seirbhís phríobháideach í an tseirbhís craolacháin? An bhfuil an craoltóir ag fáil airgead poiblí agus, dá bharr sin, an bhfuil dualgais seirbhíse poiblí níos mó air? An bhfuil aidhmeanna sonracha ag an gcraoltóir a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcumas atá aige seirbhísí rochtana a sholáthar?

ii) Céim forbartha an tsoláthraí craolacháin

Cá fhad atá an craoltóir i mbun feidhme? Cén taithí atá ag an gcraoltóir ar sholáthar seirbhísí rochtana? An bhfuil leibhéal saineolais sa tseirbhís craolacháin cheana féin maidir le soláthar seirbhísí rochtana? Cad é a sciar féachana sa mhargadh?

iii) An leibhéal soláthair reatha

Cad é an leibhéal fotheidealaithe, an leibhéal de Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus an leibhéal clostuairisce atá á sholáthar ag an gcraoltóir faoi láthair? Cad é a thúsphointe?

iv) An sceideal clár

An gcruthaíonn an tseirbhís craolacháin cláir bheo? An bhfaigheann sé a lán clár ó chraoltóirí eile? Cá mhéad clár baile a sholáthraíonn an craoltóir? An gcruthaítear cláir go neamhspleách?

Tá na ceisteanna sin ábhartha toisc go mbíonn tionchar ag na cineálacha clár sa sceideal ar chostas, ar áiseanna teicniúla, ar phearsanra agus ar chumas an chraoltóra seirbhísí rochtana a sholáthar. I bhformhór cásanna, ceannaítear fotheidil ar leithligh ó chláir agus ní cheannaítear iad mar chuid den chlár a fuarthas.

v) Costas acmhainní daonna agus teicniúla

Cad iad na háiseanna agus cad é an saineolas atá sa tseirbhís craolacháin faoi láthair maidir le seirbhísí rochtana a sholáthar?

vi) Cumas teicniúil

An bhfuil an cumas teicniúil ag an tseirbhís craolacháin chun seirbhísí rochtana a sholáthar? Cad iad na háiseanna agus cad é an saineolas a bheadh ag teastáil, ó thaobh leibhéil agus cineáil de?

b. Maoiniú

Thug an BAI aird ar an tionchar airgeadais is dóigh a bheadh ag aon cheanglas chun na spriocanna agus na frámaí ama a leagtar síos le haghaidh soláthar seirbhísí rochtana a chomhlíonadh.

Go háirithe, rinne an BAI scrúdú ar na cineálacha clár i sceidil éagsúla, lenar áiríodh líon na gclár athchraolta toisc go bhfuil tionchar aige sin ar na costais. Thug an BAI aird freisin ar an gcineál craoltóra, cibé acu an eintiteas príobháideach tráchtála nó eintiteas a mhaoinítear go poiblí é.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil sé deacair costais chríochnaitheacha a dhéanamh amach toisc go mbeidh an costas, i mórán cásanna, ag brath ar na cinntí sceidealaithe a dhéanfaidh craoltóirí, ar na cineálacha clár a bheidh i gceist agus ar na cinntí a dhéanfar maidir leis na cláir a dtabharfaidh siad tosaíocht dóibh le haghaidh soláthar rochtana.

ii.

Caighdeáin a Bhaineann le Fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc

Treoirlínte ón BAI
Fotheidealú

Réamhrá

I gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Acht Craolacháin 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann tar éis rialacha a leagan amach de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 43(1)(c); na Rialacha maidir le Rochtain is teideal do na rialacha sin. Tá fáil ar chóip de na Rialacha maidir le Rochtain ar www.bai.ie nó féadfar cóip a iarraidh ar an Údarás.

Is é seo an doiciméad dar teideal Treoirlínte ón BAI – Fotheidealú. Sa doiciméad seo tugann an BAI cuntas ar na caighdeáin ghinearálta agus theicniúla atá riachtanach i dtaca leis an soláthar fotheideal. Is é aidhm na dtreoirlínte seo tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Rialacha Rochtana an BAI ó thaobh fotheideal de. Admhaíonn an BAI an cúnamh a fuair sé ó dhoiciméad Treorach Ofcom ar an bhFotheidealú agus an doiciméad seo á ullmhú aige. Féadfar na treoirlínte a athrú ó thráth go chéile, de réir mar is cuí.

Ar mhaithe le craoltóirí agus soláthróirí fotheideal agus an doiciméad seo á léamh acu, tá na príomhphointí treorach i gcló trom. Ach ní féidir na príomhphointí sin a thuiscint i gceart gan iad a chur i gcomhthéacs an téacs trí chéile.

1. Príomhthosaíochtaí

Is iad na príomhthosaíochtaí a bhaineann le fotheidil éifeachtacha:

1.1 Ba chóir go dtabharfaí dóthain ama don lucht féachana an t-ábhar a léamh.

1.2 Cuirtear leis an taitneamh a bhaineann an lucht féachana as an gclár:

- Nuair a mheaitseálann na fotheidil an méid atá á rá go díreach, agus iad ag léiriú na cainte go beacht ó thaobh brí agus castachta, gan cinsireacht a dhéanamh

- Nuair a bhíonn an chaint ábhartha go léir agus na maisíochtaí fuaime ábhartha go léir sna fotheidil

- Nuair a shuitear na fotheidil go ciallmhar ó thaobh ama agus spáis.

1.3 Ba cheart gur abairtí soléite a úsáidtear go coitianta a bheadh sna fotheidil agus iad a bheith i bhformáid shlachtmhar, chiallmhar.

1.4 I gcás fotheideal do pháistí, ba chóir go dtabharfaí aird iontu ar aois léitheoireachta an lucht féachana ar a bhfuil siad dírithe.

2. Riachtanais Ghinearálta i dtaca le Taispeáint Fotheideal

2.1 Taispeáint Bhunúsach an Téacs

Ba chóir na carachtair theilithéacs a thaispeáint in airde dhúbailte agus ba chóir cás uachtair agus cás íochtair a úsáid.

Ba chóir go mbeadh spás amháin idir na focail i bhfotheideal.

Ba chóir go mbeadh an-chodarsnacht idir an téacs agus an dath atá ar a chúl; i gcás gnáth-fhotheideal, ba chóir iad a chur i láthair i mbosca dubh.

Is iondúil go ndéantar an téacs a chomhfhadú sa lár, ach ar mhaithe leis an tsoléiteacht is féidir é a chomhfhadú ar chlé, sa lár nó ar dheis de réir mar atáthar ag iarraidh an cainteoir a shuíomh in áit faoi leith.

Ba chóir poncaíocht chaighdeánach a úsáid. Tugann poncaíocht leideanna tábhachtacha i dtaobh an struchtúir chomhréire agus ní mór í a thaispeáint go cúramach le go mbeidh éifeacht léi.

2.2 Dath

Mar a úsáidtear é ar sheirbhísí analógacha, níl ach seacht dtéacsdhath ar fáil d'fhormáid Teilithéacs ITU (R), ar a n-áirítear bán, mar aon le hocht ndath cúlra éagsúla, ar a n-áirítear dubh agus bán. Ba chóir dubh a úsáid le haghaidh gnáth-fhotheideal, ach má bhaintear úsáid as cúlra a bhfuil dath air, ba cheart téacsdhath a roghnú ionas go mbeidh sé soléite freisin ar chúlra dubh.

Is iad bán, buí, cian agus uaine na dathanna is soléite ar chúlra dubh. Níor chóir maigeanta, dearg ná gorm a úsáid.

Má bhaintear úsáid as cúlra a bhfuil dath air, is iad na dathanna is soléite i dteannta a chéile:

Gorm ar bhán;
Bán ar ghorm;
Dearg ar bhán;
Bán ar dhearg;
Cian ar ghorm;
Gorm ar chian.

Astu sin, is iad bán ar dhearg, bán ar ghorm agus cian ar ghorm is fearr, mar go n-athróidh roinnt sean-díchódóirí na dathanna sin ionas gur bán ar dhubh, nó cian ar dhubh a bheidh le feiceáil, ar bhealach an-soléite.

Baintear leas as dath i bhfotheidil teilifíse ar mhaithe le Sainaithint na gCainteoirí agus chun Maisíochtaí Fuaime a léiriú. Pléitear iad seo níos faide anonn sa doiciméad seo.

2.3 Carachtair Rialúcháin

Nuair a bhaintear úsáid as téacs daite ar airde dhúbailte i mbosca, is gnách go mbíonn sé charachtar rialúcháin ag teastáil sa líne theilithéacs, nó ocht gcarachtar rialúcháin más cúlra a bhfuil dath air atá á úsáid. Dá bhrí sin, 32 nó 34 carachtar ar a mhéad in aghaidh na líne a bhíonn ar fáil le haghaidh théacs na bhfotheideal.

2.4 Formáidiú

Moltar gur dhá líne ar a mhéad a bheadh sna fotheidil. Féadfar trí líne a úsáid má mheasann an fotheidealóir nach ndéanfar aon eolas tábhachtach pictiúir a fholú.

Ba cheart, más féidir, gur abairt iomlán amháin a bheadh i ngach fotheideal. De réir luas na cainte, tá eisceachtaí ann ón moladh ginearálta sin, mar seo a leanas:

a) Fotheidealú fíor-ama

b) Féadfar abairtí gearra a chur le chéile in aon fhotheideal amháin mura bhfuil mórán am léitheoireachta ar fáil.

c) Abairtí an-fhada nach féidir a chur i bhfotheideal singil dhá líne mar go bhfuil siad rófhada.

Tá dhá nós imeachta ann chun cásanna den chineál sin a láimhseáil:

(i) Abairtí fada a bhriseadh ionas go mbeidh dhá abairt nó breis agus dhá abairt ar leith iontu agus iad sin a thaispeáint mar fhotheidil i ndiaidh a chéile.

(ii) Abairt fhada amháin a chur i láthair i mbreis agus fotheideal amháin. Sa chás seo, ba chóir na habairtí a dheighilt ag pointí ag a bhfuil briseadh nádúrtha san abairt sa chaoi gur aonad teanga comhtháite é gach aon fhotheideal. Ba chóir tús áite a thabhairt don deighilt ag an teorainn idir clásail. Tá a lán den lucht féachana a cheapann go cabhair é an deighilt a bheith marcáilte le poncanna (trí phonc ag deireadh fotheidil atá le críochnú, agus dhá phonc ag tús an dara cuid den fhotheideal).
Mar shampla:

Nuair a d'oscail mé an doras...

..thuig mé go raibh mé sa seomra seo roimhe seo.

2.5 Poncaíocht

Is féidir cur le héifeacht na poncaíochta nuair a bhaintear leas as spás singil ag na pointí seo:

i) roimh chomharthaí uaillbhreasa agus comharthaí ceiste;
ii) i ndiaidh camóg, idirstadanna, leathstadanna agus lánstadanna i lár fotheidil;
iii) gach aon taobh de fhleasca (ach gan spás a chur taobh le fleiscíní i lár focail);
iv) roimh lúibíní tosaigh agus comharthaí athfhriotail;
v) i ndiaidh lúibíní deiridh agus comharthaí athfhriotail.

2.6 Bristeacha líne

Ba cheart go dtiocfadh deireadh le línte na bhfotheideal san áit a bhfuil briseadh nádúrtha ó thaobh na teanga de – ag deireadh clásail nó frása más féidir.

Cuireann bristeacha líne laistigh d'fhocal isteach ar an léamh agus ba cheart iad a sheachaint.

I gcás fotheidil chomhfhadaithe, ba chóir go dtabharfaí san áireamh cúinsí teanga agus corraí na súl araon. Dá bhrí sin, nuair a bhíonn comhfhadú ar chlé, ar dheis nó sa lár in úsáid ar mhaithe leis an gcainteoir a shuíomh, ní mór smaoineamh go cúramach ar bhristeacha líne. Ba cheart a laghad spáis agus is féidir a chur idir na fotheidil, ionas go mbeidh an t-achar is lú is féidir le taisteal ag an tsúil ó líne go líne.

Ba chóir freisin iarracht a dhéanamh gan cur isteach ar ábhar an phictiúir – is fearr línte fada gearra ná fotheidil ghearra ramhra, ach ní bhíonn sé sin amhlaidh i gcónaí.

I gcás bristeacha líne ar ghlacadóirí a mbaineann cóimheas treoíochta traidisiúnta (4:3) leo agus ar ghlacadóirí scáileáin leathain (16:9), ní mór an bhéim bhunaidh a bhí san fhotheideal a choinneáil.

2.7 Suíomh na bhFotheideal ar an Scáileán

Is iondúil gur gar do bhun an scáileán a shuitear na fotheidil, ach níor cheart dóibh fortheidil ‘ar scáileán’ a fholú, ná aon chuid de bhéal an chainteora ná aon ghníomhaíocht thábhachtach eile a fholú ach oiread. Tá cineálacha áirithe clár ann a mbíonn a lán eolais iontu in íochtar an scáileán agus i gcásanna den chineál sin is fearr na fotheidil ar chur ag uachtar an scáileáin.

Ba cheart fotheidil a thaispeáint go cothrománach agus i dtreo fhoinse na maisíochtaí fuaime nó, i gcás go ndéantar an cainteoir a shainaithint, i dtreo an chainteora.

I gcás fotheideal i ndiaidh a chéile agus iad i mboscaí a mbaineann an mhéid agus an cruth céanna leo, agus an dara bosca le bheith díreach os cionn na háite a raibh an chéad bhosca, ní miste iad a shuíomh ionas nach mbeidh siad san ionad ceannann céanna ar an scáileán. Má dhéantar é sin, is fearr an seans go dtabharfaidh an lucht féachana faoi deara gur tháinig athrú ar an bhfotheideal.

Baintear úsáid fhairsing ar na saolta seo as glacadóirí a mbaineann cóimheas scáileáin leathain 16:9 leo. Nuair a bhaintear leas astu seo chun fotheidil a thaispeáint, ní mór an téacsbhosca a choinneáil slán. Caithfear glacadóirí caighdeánacha a mbaineann cóimheas treoíochta 4:3 leo a thabhairt san áireamh freisin anseo. Is féidir iad a thabhairt slán ach deimhin a dhéanamh de go gcuirtear na fotheidil taobh istigh den ‘Achar Slán le haghaidh Fortheideal’ a bhaineann le taispeáint 14:9.

3. Uainiú agus Sioncronú

Caithfear a ndóthain ama a thabhairt don lucht féachana na fotheidil a léamh. Caithfear é sin a thabhairt san áireamh sa mhéid ama a thaispeántar na fotheidil ar an scáileán. D’fhéadfadh na rátaí taispeána a bheith ag brath ar ábhar an chláir. Mar shampla, i gcás cláir ar leith ar nós sobaldrámaí, nuair atá aithne ag an lucht féachana ar na carachtair, d’fhéadfaí na fotheidil a chur i láthair ar bhealach níos tapúla i gcomparáid le dráma nach bhfacthas cheana nó clár faisnéise malltriallach.

I gcás cláir réamhthaifeadta, níor chóir, de ghnáth, go dtaispeánfaí de bhreis ar 160 go 180 focal sa nóiméad (fsn) sna fotheidil.

Ba cheart go mbeadh cineál éigin fotheidil ag gabháil leis an gcaint fhollasach go léir. Ba cheart go dtiocfadh an fotheideal i láthair ach a gcuirtear tús leis an gcaint agus ba cheart go n-imeodh an fotheideal ach a dtagann deireadh leis an bpíosa cainte.

Ba cheart go dtarlódh sioncronú nuair a bhíonn tostanna nádúrtha ann ag teorainneacha na n-abairtí sa chaint, nó nuair a thagann athrú ar an radharc.

Ba chóir go gcuirfí na rialacha céanna i dtaobh sioncronú i bhfeidhm ar chainteoirí as seat agus fiú le haithriseoirí as scáileán féin.

4. Athruithe Seat

Nuair a tharlaíonn gearradh ceamara le linn an fotheideal a chur i láthair, bíonn ar an lucht féachana filleadh ar thús an fhotheidil, nach bhfuil léite ar fad fós, agus é a léamh ón tús arís. Aithnítear sa tionscal gur dúshlán mór don fhotheidealóir a mhinice agus a thapúla a tharlaíonn na hathruithe seat in a lán de na cláir.

Is ionann 160 fsn agus 800 carachtar sa nóiméad agus ídíonn sé 2 shoicind in aghaidh na líne. Méadaítear na luasanna go dtí 180 fsn nuair a bhaintear úsáid as forlíontáin (agus méadú aon ochtú cuid á chur ar luas na léitheoireachta dá thoradh sin).

Tá treoir ghinearálta anseo faoin gcaoi ar cheart déileáil le gearrthacha ceamara:

i) Cuirtear an-mhearbhall ar an lucht féachana go minic má fhanann fotheidil ar an scáileán níos faide ná an t-athrú seat; ba chóir é seo a sheachaint.

ii) Is iondúil go dtagann athrú seat le tús nó deireadh na cainte; ba chóir go gcuirfí tús le fotheidil, dá bhrí sin, de réir mar a athraíonn an seat nuair a thagann sé seo le hurlabhra an chainteora.

iii) Ba chóir fotheideal a 'dhaingniú' os cionn athrú seat ar feadh soicind amháin, ar a laghad, ionas go mbeidh seans ag an léitheoir teacht isteach ar an bpictiúr nua.

i) Níor chóir fotheideal a chur isteach níos lú ná soicind amháin roimh ghearradh ceamara ná níor cheart an fotheideal a bhaint as níos lú ná soicind amháin ina dhiaidh.

ii) Ba cheart, nuair is féidir, go mbeadh na fotheidil i gcomhréir shioncronach go beacht le gearradh ceamara.

iii) Nuair a bhíonn cinneadh le déanamh i dtaobh abairt amháin a dheighilt ionas go mbeidh breis agus fotheideal amháin ann, 'chaon taobh de ghearradh ceamara, ba chóir go mbeadh an cinneadh sin bunaithe ar é a bheith indéanta an abairt a dheighilt go nádúrtha agus dóthain ama a bheith ann chun na fotheidil a thaispeáint.

5. Teicnící Speisialta

5.1 Béim agus Frásaí

Nuair a bhíonn téacs i gcás uachtair, tig leis seo ardú fuaime a chur i gcéill, cuir i gcás béicíl, agus is féidir béim ar fhocal áirithe a léiriú ach an dath a athrú.

5.2 Tuin an Ghutha

Nuair a bhaineann tábhacht faoi leith le tuin an ghutha chun an míniú a léiriú, agus nuair nach leor dreach an éadain ná comharthaíocht choirp chun an tuin sin a chur in iúl, is féidir úsáid a bhaint as ‘(!)’ agus ‘(?)’ díreach i ndiaidh na cainte chun searbhas agus íoróin a léiriú.

5.3 Sainaithint na gCainteoirí

Is mór an chabhair é úsáid a bhaint as dathanna chun cainteoirí ar leith a shainaithint, ach mar sin féin d’fhéadfaí mearbhall a chur ar an lucht féachana má bhaintear barraíocht úsáide as an gcur chuige seo. Dá bhrí sin, ba chóir gach cainteoir a shainaithint le dath amháin a d’úsáidfí go rialta ó thús deireadh an chláir, más féidir.

De rogha air sin, is féidir leas a bhaint as suíomh an fhotheidil ar an scáileán agus as comhfhadú mar bhealaí chun na cainteoirí a shainaithint. Is féidir gach fotheideal a bhogadh go cothrománach i dtreo an chainteora atá i gceist; ní mór na fotheidil a shuíomh go cúramach má chorraíonn na carachtair thart timpeall agus iad ag labhairt. Féadfar dathanna a úsáid freisin sa chás seo.

5.4 Guthanna as Scáileán agus as Ceamara

Nuair nach léir ón méid atá le feiceáil cá as don chaint as scáileán / as ceamara, ba chóir leas a bhaint as teicnící speisialta.

Is féidir cainteoirí as ceamara a léiriú go héifeachtach ach úsáid a bhaint as na siombailí ‘níos mó ná’ (>) nó ‘níos lú ná’ (<) de réir mar is cuí.

Nuair a bhaintear úsáid as urlabhra as scáileán ó thús deireadh an chláir e.g. i gcláir faisnéise aithriseoireachta, is gnách go ndéantar na fotheidil a lárú gan siombailí.

Áirítear guthanna gutháin, an raidió, fógraí ó challairí poiblí, etc. ar chuid de na cásanna eile nach léir láithreach cá as don ghlór. Cuidíonn sé i gcásanna den sórt sin fortheideal lipéadaithe a chur leis an gcéad fhotheideal ó na foinsí sin (**Féach 2.9 Teicnící Eile**):

CALLAIRE: “Cuirigí oraibh bhur gcriosanna sábhála, le bhur dtoil.”

Bíonn gá uaireanta le lipéid ar a bhfuil ainm an charachtair, ar mhaithe le soiléireacht e.g. radhairc shlua nó radhairc sa dorchadas.

JOHN: Céard a bhain do na soilse?

6. Teicnící Dialóige

Ba cheart go mbeadh eolas fotheidil ag gabháil leis an gcaint fhollasach go léir, ach nuair a bhíonn dialóg ghasta ann, d'fhéadfadh éifeacht 'staccato' nó 'mheaisínghunna' a bheith ann má thaispeántar roinnt fotheidil ghearra as béal a chéile.

D'fhéadfaí dhá réiteach a fháil air seo:

i) úsáid a bhaint as téacs dúbailte nuair a labhraíonn beirt charachtar nó níos mó ag an am céanna agus iad ag teacht salach ar a chéile, mar shampla:

An dteastaíonn uaibh imeacht anois?

Teastaíonn.

Ní theastaíonn.

Bíonn cainte na beirte laistigh d'fhotheideal amháin – nuair a thagann fotheideal amháin ar an scáileán, ba chóir gurbh ionann sin agus tús an phíosa cainte ag an duine sin.

ii) Úsáid a bhaint as forlíontáin nó as teidil charnacha.

Bíonn sé seo an-éifeachtach nuair a bhíonn dhá fhotheideal ann a luíonn go nádúrtha lena chéile, cuir i gcás sraith ceisteanna agus freagraí, nó an abairt thráthúil le jóc a chríochnú. Sa chás seo, cuirtear an dara cuid den fhotheideal leis an gcéad chuid nuair a chuirtear tús leis an dara labhra.

Buntáiste eile a bhaineann le forlíontáin is ea go mbíonn cuma níos nádúrtha orthu nuair nach dtaispeántar an bheirt chainteoirí sa seat ceamara céanna.

Ba cheart úsáid chúramach a bhaint as forlíontáin – d'fhéadfadh sé go gcaithfí an chéad chuid den teideal carnach a léamh an athuair, agus d'fhéadfadh 'aláram bréige' agus frustrachas teacht as seo.

Teicnící Forlíontáin

I gcás téacs dúbailte agus forlíontán araon, ba chóir don dara cuid a bheith le feiceáil de ghnáth ar an líne díreach faoi bhun na chéad choda. Má tá an dara cainteoir suite ar an scáileán ar thaobh na láimhe deise ón gcéad chainteoir, ansin bogtar an dara cuid den téacs dúbailte faoi dheis:

Seo treoir ghinearálta i dtaobh téacs dúbailte agus forlíontáin a úsáid:

i) Is féidir téacs dúbailte a úsáid nuair a labhraíonn beirt charachtar nó breis agus beirt charachtar ag an am céanna.

ii) Ba cheart tús áite a thabhairt d'fhorlíontáin nuair a labhraíonn beirt charachtar nó breis agus beirt charachtar i ndiaidh a chéile agus gan an t-am ann le fotheidil aonair a chur i láthair.

iii) Níor chóir, choíche, de bhreis ar cheithre líne a úsáid sa tsraith téacs dúbailte nó sa tsraith forlíontán.

7. Teicnící Eile

i) Tig le huaschamóga single '...' caint neamhshioncronach a léiriú, e.g. guthú nó smaointe nó aon ní eile nach bhfuil ar an scáileán a bhaineann go follasach leis an gcaint.

ii) Tugann téacs neamh-mharcáilte i gcás uachtair agus íochtair caint shioncronach le fios, i.e. tá an cainteoir le feiceáil (formhór an ama) agus leanann na teidil ansin.

iii) Tig le huaschamóga dúbailte "..." caint atá á cur i láthair ar bhealach meicniúil a léiriú, e.g. an raidió, callaire etc. nó píosa athfhriotail ó dhuine nó ó leabhar.

iv) Léiríonn téacs idir lúibíní gur cogarnaíl nó caint leataobhach atá ar siúl.

v) Is féidir lúibíní a úsáid freisin chun an chaoi a labhraíonn duine a léiriú:

(AG SLOGADH NA bhFOCAL) Ní raibh sé ann.

vi) Is féidir lipéad a chur le foinse na cainte ach ceannlitreacha a úsáid agus idirstad ina ndiaidh:

CALLAIRE:
"Cuirigí oraibh bhur gcriosanna sábhála, le bhur dtoil."

JOHN: Céard a bhain do na soilse?

vii) Níor chóir úsáid a bhaint as giorrúcháin aduaine, ar nós SFX.

8. Maisíochtaí fuaime

Ba chóir fotheideal a chur le haon mhaisíocht fuaime nach bhfuil intuigthe láithreach ón aicsean atá le feiceáil. Áirítear anseo maisíochtaí fuaime a thagann chun léire san aicsean ina dhiaidh sin, e.g. ag guthán ag bualadh sula bpioctar suas é, pléascán taobh amuigh sula léimeann gach duine isteach faoin mbord.

Is fearr ráitis thuairisciúla de ghnáth ná litriú onamataipéach ó thaobh maisíochtaí fuaime de. Ach ní mór an comhthéacs agus an seánra (cartúin i gcomparáid le drámaíocht, mar shampla) a thabhairt san áireamh.

Is fearr LÁMHACH de ghnáth ná BANG!!!

Is féidir fotheidil mhaisíochtaí fuaime a úsáid go cliste freisin chun atmaisféar cúlra a chruthú le haghaidh radhairc:

GÁIR ÓN SLUA

CABAIREACHT BHEOGA

Nuair a bhaintear leas as dath cúlra (e.g. téacs bán ar chúlra dearg) agus as téacs cás uachtair, déantar idirdhealú idir fotheidil mhaisíochtaí fuaime agus fotheidil chainte.

9. Ceol

Ba chóir teideal an cheoil atá á sheinm, ar a laghad ar bith, a thabhairt. Nuair is féidir, ba cheart focail amhráin a thabhairt. Tá sé seo an-tábhachtach nuair atá daoine óga le breathnú ar an gclár. Baineann tábhacht faoi leith le cláir phopcheoil, le ceoldrámaí agus le hamhráin a bhaineann le snáithe an scéil.

Ba chóir liricí amhráin a fhotheidealú focal ar fhocal; ach, más amhrán an-tapa é, féadfar rann nó véarsa iomlán a fhágáil ar lár.

Ba chóir leas a bhaint as comhartha chun liricí amhráin a léiriú go soiléir. Is iad an ‘hais’ nó ‘géar’ na comharthaí is minice a mbaintear úsáid astu. Nuair a bhíonn an chaint agus an t-amhrán measctha ina chéile, ba chóir gach teideal a chomharthú go cúramach.

D’fhéadfadh corr-fhotheideal chun ceol atmaisféir a léiriú, má tá sé sin tábhachtach ó thaobh insint an scéil de, a bheith an-éifeachtach.

CEOL GAELACH

Ba cheart fotheidil den chineál sin a spáráil.

Tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn radhairc i ndiaidh a chéile ann agus é dubh dorcha iontu, agus is le hathruithe sa cheol a léirítear an t-athrú ó radharc go radharc. Sna cásanna sin, má bhíonn an t-am ann chuige, ba chóir don fhotheidealóir fotheidil den chineál seo a úsáid:

CEOL MEIDHREACH BANNA RINCE

Ansin, nuair a thagann athrú suntasach ar luas an cheoil, cuirtear an fotheideal seo i láthair:

ATHRAÍONN GO CEOL MALL RINCE

Ar an gcaoi sin, cuirtear in iúl don lucht féachana bodhar go bhfuil radharc nua anois ann.

10. Ciúnas

Nuair a bhíonn tostanna fada gan aon chaint i gcláir, d'fhéadfadh amhras teacht ar an lucht féachana go bhfuil an córas teilithéacs tar éis cliseadh. I gcásanna den sórt sin, is mór an cúnamh é fortheideal míniúcháin a chur isteach, ar nós:

CEOL TOSAIGH

TOST FADA

CEOL RÓMÁNSÚIL

11. Cliseadh sna Fotheidil

Baineann frustrachas le cliseadh fotheideal i gcás an té atá ar bheagán éisteachta ar an gcaoi chéanna is a bhaineann sé le cliseadh fuaime i gcás an té a bhfuil éisteacht aige/aici.

Má chliseann ar na fotheidil, ní mór fortheideal a chur ar an scáileán go tapa ina ngabhtar leithscéal faoin gcliseadh; má bhíonn moill ar tharchur na bhfotheideal a chur ina cheart, ba chóir é sin a mhíniú go luath.

12. Cláir a Fhaightear Isteach

Nuair a bhíonn fotheidil a fhaightear isteach á dtiontú ag craoltóirí ar mhaithe le comhlíonadh na n-íoschaighdeán atá leagtha amach sna treoirlínte, glactar leis nach féidir i gcónaí sioncronú iomlán ná na caighdeáin rátaí láithreoireachta a bhaint amach.

13. Fotheidil don lucht féachana beartaithe, ar a n-áirítear páistí

Mar gheall ar an luas agus an chastacht a bhaineann le fotheidil de ghnáth, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí mionlach de phobal na mbodhar, nach bhfuil an léamh chomh láidir acu, a eisiamh. I gcás a lán páistí atá bodhar ón uair a rugadh iad, tá ráta 70-80 focal sa nóiméad oiriúnach agus na fotheidil á gcur i láthair.

Ba cheart cuimhneamh ar na trí sheift thábhachtacha seo san eagarthóireacht:

i) Laghdaigh an luas léitheoireachta agus bain amach focail agus abairtí nach bhfuil gá leo – laghdófar an méid téacs dá thoradh sin.

ii) Cuir an bhrí ar fad in iúl.

iii) Méadaigh an úsáid a bhaintear as fotheidil trí líne agus laghdaigh líon na bhforlíontán.

Ba cheart gur léiriú dílis ar an gcaint a bheadh sna fotheidil; níor chóir, dá bhrí sin, cinsireacht a dhéanamh orthu.

13.1 Fotheidil do Pháistí

Baineann a lán páistí bodhra os cionn 11 bhliain tairbhe as fotheidil chaighdeánacha; mar sin féin, bíonn fotheidil shimplí de dhíth ar pháistí faoi bhun 11 bhliain. Tá na treoirlínte seo a leanas á moladh le haghaidh fotheidealú clár atá dírithe ar pháistí faoi bhun 11 bhliain.

i) Ba cheart an glór agus na fotheidil a mheaitseáil an oiread agus is féidir.

ii) Ba chóir straitéis a ullmhú ina bhfágtar focail ar lár seachas focail a ghiorrú, ar mhaithe le fad na n-abairtí a ghiorrú.

14. Fotheidealú fíor-ama

Baineann deacrachtaí móra, don fhotheidealóir agus don lucht féachana araon, le táirgeadh agus tarchur fotheideal ar bhonn fíor-ama. Na teicnící fotheidealúcháin atá ann faoi láthair, le haghaidh craoltaí beo go háirithe, ní thugann siad an tseirbhís ardchaighdeáin chéanna a mbítear ag súil léi ó scripteanna a bhíonn ullmhaithe roimh ré. Níor cheart úsáid a bhaint as na teicnící sin ach ar na hócáidí sin nach mbíonn dóthain ama ann na fotheidil a ullmhú ar bhealaí eile.

Nuair a chuirtear fotheidil le chéile le haghaidh ábhair faisnéise ar nós na nuachta, ba chóir go gcuirfí brí iomlán an ábhair in iúl.

14.1 Treoirlínte le haghaidh Fotheidealú Fíor-ama

I ngach uile chás, caithfear iarracht a dhéanamh cloí leis an méid seo:

i. Ba chóir go mbeadh céatadán réasúnach de na focail a dúradh san fhotheideal.

ii. Ba chóir go mbeadh fíricí tábhachtacha le feiceáil mar chéatadán téagartha den teachtaireacht scríofa.

iii. Seachain fíricí tábhachtacha nach gá nó atá éagsúil leis na chéad fhíricí.

iv. Nuair is féidir, seachain bristeacha líne nach bristeacha nádúrtha teanga iad (briathra a dheighilt etc.)

v. Féach leis na fotheidil a choinneáil leis na hathruithe seat (sioncronú).

vi. B'fhearr gan fotheidil a leagan anuas ar fhortheidil níse atá ann cheana féin (sa nuacht, is minic nach féidir é seo a sheachaint, agus sa chás sin féadfar ainm an chainteora a chur san fhotheideal, má tá sé sin ar eolas.)

vii. Ba cheart fortheideal ina ngabhtar leithscéal a sheoladh i gcás go ndéantar botún mór nó go mbíonn an fotheideal dothuigthe; agus, más gá, cuir an fotheideal ar siúl arís agus an botún ceartaithe ann.

Nuair a bhíonn téacsanna ullmhaithe á gciúáil le haghaidh codanna den chlár a mbaineann script leo:

i) Féach leis na téacsanna a chiúáil ionas go meaitseálfaidh siad go dlúth na focail atá á rá ó thaobh am tosaithe de.

ii) Féach le hainmneacha na gcainteoirí, más ann dóibh, a chur isteach sa chás gur folaíodh na fortheidil atá san fhíseán féin.

iii) Má thiteann tú ar gcúl, ná déan téacsanna a chiúáil amach as éadan – fág cuid acu ar lár agus lean ort ón áit cheart.

15. Seirbhísí Digiteacha

De bharr an teilifís dhigiteach a bheith tagtha ar an bhfód, tá an deis ann feabhas a chur ar fhotheidil ón taobh físiúil agus ón taobh teicniúil de araon. Bealach amháin ina bhféadfaí iad a

fheabhsú is ea clófhoireann níos soléite a thabhairt isteach agus úsáid a bhaint as siombailí. Is ar mhaithe le taitneamh níos fearr fós ag an lucht féachana as an teilifís a thabharfaí isteach na hathruithe seo. Níor cheart iad a thabhairt isteach ar shlí a chuirfeadh as don phríomhchuspóir atá le seirbhís na bhfotheideal, is é sin cuidiú leis an tuiscint ar chláir atá ag na bodhair agus ag daoine atá ar bheagán éisteachta.

Leagtar síos caighdeáin sna treoirlínte i dtaobh comhaid fotheideal atá ann cheana féin agus a scríobhadh ar bhonn analógach a thiontú lena n-úsáid ar Theilifís Trastíre Dhigiteach (DTT) agus ar sheirbhísí digiteacha eile fearacht seirbhísí satailíte agus MMD. Ní hé aidhm na dtreoirlínte seo bac a chur ar fheabhsúcháin eile amach anseo; is éard atá i gceist an dul chun cinn a dhéanfar a rialú ionas nach gcuirfear athrú suntasach ar bith

ar an gcleachtas reatha mura mbeidh machnamh agus comhairliúchán cúramach déanta ina thaobh sin.

i) In aon chraoladh ar Theilifís Trastíre Dhigiteach (DTT), bainfear úsáid as clófhoireann Tiresias sna fotheidil go léir.

ii) Ba chóir seirbhísí digiteacha eile a spreagadh le leas a bhaint as an bhformáid seo nó as formáid chomh cosúil léi agus is féidir.

iii) 24 líne theilifíse don cheannlitir 'V' is ea an mhéid ainmniúil atá le bheith sna fotheidil.

iv) De bharr aga folaigh, níor cheart úsáid a bhaint as dian-fhotheidil cheithre líne, ar a n-áirítear fotheidil i "bhforlíontáin". (Ciallaíonn "aga folaigh" cur i láthair na bhfotheideal ar an scáileán. Ciallaíonn "dian-fhotheidil" fotheidil ina mbíonn a lán téacs i rónna na bhfotheideal.)

v) Fotheidil a thiontaítear ó chomhaid reatha EBU 3264 (nó cosúil leo) nó ó théipeanna réamhthaifeadta beo 335, coimeádfaidh siad, an oiread agus is féidir, an suíomh agus na bristeacha líne a bhain leis na fotheidil bhunaidh.

vi) 12 dhath ar a mhéad a bheidh sa raon dathanna; beidh an raon dathanna sin fíorchosúil leis an raon a bhaineann le teilithéacs analógach.

An cleachtas atá ann faoi láthair '#' a úsáid chun ceol a chur in iúl, b'fhéidir go n-athrófaí é agus gur dhá leathchamán a d'úsáidfí mar chuid de chlófhoireann Tiresias.

16. NITHE EILE

16.1 Éigeandálaí Náisiúnta

Ní mór daoine bodhra agus daoine nach bhfuil an éisteacht go maith acu a choinneáil ar an eolas faoi éigeandálaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Agus eolas faoi éigeandálaí á chraoladh, ba cheart go dtabharfaí an t-eolas céanna, ar a n-áirítear uimhreacha gutháin ábhartha; b'fhearr an t-eolas sin a thabhairt i bhfortheidil oscailte agus dóthain ama a thabhairt leis na sonraí a scríobh.

16.2 Fortheidil ina nGabhtar Leithscéal

Nuair is féidir, ba cheart leithscéal nó míniú cuí a tharchur chomh luath agus is féidir tar éis cliseadh ar bith sna fotheidil.

Craoltóirí a bhfuil dualgas orthu fotheidil a sholáthar, caithfidh siad deimhin a dhéanamh de go ndéantar fotheidil choinbhinsiúnacha (a tharchuirtear ar líne thiomnaithe laistigh den VBI agus a ndéantar iad a rochtain de ghnáth trí Leathanach 888 ar an gcianrialtán) a sholáthar ar gach uile sheirbhís tarchuir analógach trastíre agus dhigiteach satailíte. Ba cheart do na craoltóirí sin, an oiread agus is féidir é, deimhin a dhéanamh de gur féidir fotheidil a thabhairt ar aghaidh slán chuig córais atarchuir; áirítear ar na córais sin córais chábla, MMD, agus córais eile nach iad.

Moltar do chraoltóirí taithí a fháil ar sholáthar agus tarchur fotheideal digiteach. Sa chás go ndéantar fotheidil a sholáthar ar mhodh coinbhinsiúnach agus ar mhodh digiteach araon, ní thabharfar ach an acmhainn fotheideal coinbhinsiúnach san áireamh agus na spriocanna don fhotheidealú á gcinneadh.

Treoirlínte ón BAI
Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

Réamhrá

I gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Acht Craolacháin 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann tar éis rialacha a leagan amach de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 43(1)(c); **na Rialacha maidir le Rochtain** is teideal do na rialacha sin. Tá fáil ar chóip de na Rialacha maidir le Rochtain ar www.bai.ie nó féadfar cóip a iarraidh ar an Údarás.

Is é seo an doiciméad dar teideal **Treoirlínte ón BAI – Teanga Chomharthaíochta na hÉireann**. Sa doiciméad seo tugann an BAI cuntas ar na caighdeáin ghinearálta agus theicniúla atá riachtanach i dtaca leis an soláthar i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann. Is é aidhm na dtreoirlínte seo tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Rialacha Rochtana an BAI ó thaobh Theanga Chomharthaíochta na hÉireann de. Admhaíonn an BAI an cúnamh a fuair sé ón doiciméad ó Ofcom dar teideal 'Guidance On Standards for Sign Language' agus an doiciméad seo á ullmhú aige. Féadfar na treoirlínte a athrú ó thráth go chéile, de réir mar is cuí.

Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

Is í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann teanga dhúchais phobal na mbodhar in Éirinn. Is teanga fhísiúil, spásúil í, agus tá comhréir agus struchtúr casta gramadaí dá cuid féin aici. Tá teanga chomharthaíochta faoi leith dá gcuid féin ag tíortha faoi leith.

Na spriocanna atá leagtha amach sna Rialacha maidir le Rochtain, is leis an soláthar i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a bhaineann siad.

1. Formáid

Tá dhá bhealach ann chun rochtain teanga chomharthaíochta ar chláir a sholáthar:

(i) **Ateangaireacht.** Déanann duine ateangaireacht agus comharthaíonn sé/sí cláir bheo nó thaifeadta nó míreanna de chláir. Is iondúil go ndéantar an íomhá den ateangaire a leagan anuas ar an gclár. Déantar tagairt dó seo níos faide anonn sa doiciméad seo mar ‘ionsáiteán forleagtha’.

(ii) **Cur i láthair.** Is láithreoir, aithriseoir nó tuairisceoir teanga chomharthaíochta a sholáthraíonn formhór na teanga sa chlár nó sa mhír den chlár. Déantar ateangaireacht ansin ar na comharthaí agus déantar iad a ‘ghuthú’; cuirtear fotheidil nó fortheidil leo de réir mar is cuí.

Is modhanna bailí iad an cur i láthair agus an ateangaireacht chun na dualgais atá ann leis Rialacha maidir le Rochtain a chomhlíonadh.

2. Riachtanais Ghinearálta

2.1 Formáid an tsoláthair theanga chomharthaíochta

Faoin leagan amach teicniúil atá ar an gcóras tarchuir analógaigh faoi láthair, ní féidir cláir chomharthaithe a chraoladh ach i bhformáid oscailte.

2.2 Cumas comharthú a dhéanamh

Ba chóir do chraoltóirí deimhin a dhéanamh de go bhfuil na hateangairí teanga chomharthaíochta cumasach agus líofa i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.

2.3 Fuaimeanna as scáileán

Ba chóir don ateangaire nó don láithreoir teanga chomharthaíochta a chur in iúl go bhfuil fuaimeanna as scáileán ann (e.g. guthán ag bualadh, cnag ar an doras, nó lámhach) i gcás go bhfuil siad sin tábhachtach ó thaobh tuiscint a fháil ar an gclár.

2.4 Sioncrónú

Ba chóir go gcuirfí tús leis an ateangaireacht teanga chomharthaíochta ach a dtosaíonn an chaint. Tharlódh nach mbeadh sé seo indéanta i gcónaí agus ateangaireacht á déanamh ar chláir bheo.

Tá a fhios gur féidir le huathleideoirí cúnamh a thabhairt d'ateangairí bodhra agus go gcuidíonn siad le sioncrónú a bhaint amach.

Ba chóir go mbeadh uainiú na n-abairtí comharthaithe bord ar bord leis an gcaint an oiread agus is féidir. Ar an gcaoi chéanna, i gcás láithriú teanga chomharthaíochta ba chóir go mbeadh abairt "ghuthaithe" bord ar bord an oiread agus is féidir leis an teanga chomharthaíochta.

Ach tabharfar faoi deara nach ionann an struchtúr gramadaí atá ag Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus an Béarla agus nach féidir le teanga amháin acu an teanga eile a mheaitseáil go díreach. Ba cheart tréaniarracht a dhéanamh, nuair is féidir, an t-eolas céanna a thabhairt don lucht féachana uile.

2.5 Monatóireacht

Ba chóir do chraoltóirí teagmháil a dhéanamh le pobal na mbodhar agus a gcuid ionadaithe ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht na seirbhíse.

2.6 Leithscéal faoi chliseadh seirbhíse

Nuair is féidir é, ba cheart fortheideal nó fotheideal a thaispeáint nuair a chliseann ar an tseirbhís.

3. Treoirlínte a bhaineann go sainiúil le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

3.1 Caighdeán na taispeána

Nuair a bhíonn amhránaí á thaispeáint ar an scáileán taispeána, ba chóir go mbeadh sé/sí sách mór agus an taifeach sách grinn le go mbeadh feiceáil ar chorraíl uile na coda uachtaraí den cholainn mar aon leis na géaga, na lámha agus na méaracha, an ghualainn, an muineál agus gach corraíl san éadan agus gach gotha gnúise. Ba cheart go n-aithneofaí go furasta agus go beacht na gothaí tábhachtacha go léir lena gcuirtear brí in iúl sa teanga chomharthaíochta.

3.2 Méid agus cruth na n-ionsáiteán forleagtha

Ní mór don ionsáiteán a bheith ar mhéid a fhágfaidh go mbeidh na gothaí colainne agus gnúise a luaitear thuas so-aitheanta agus an lucht féachana achar normálta ón scáileán.

Is gnách go gcomhlíontar an coinníoll seo ach íomhá den amhránaí, agus é/í gan chorraí, a fhrámú ionas go mbeidh an séú cuid d'achar an phictiúir a ghlacadh aige/aici.

I gcás clár atá dírithe ar dhaoine bodhra thar aon dream eile agus atá san fhormáid "oscailte", teicníc mhaith is ea an íomhá a laghdú 25%, cuir i gcás, agus an spás atá fanta ina dhiaidh sin a úsáid chun an t-ateangaire a shuíomh.

3.3 Éadach agus dathanna cúlra a bhíonn le roghnú

Ní mór an té atá ag comharthú a bheith le feiceáil go soiléir, mar shampla trí leas a bhaint as dathanna pléineáilte atá i gcodarsnacht lena chéile agus as soilsiú feiliúnach. Níor cheart go dtarraingeofaí an iomarca d'aird an lucht féachana ar an gcuma atá ar an ateangaire le féachaint air/uirthi (e.g. an t-éadach agus na giuirléidí atá sé/sí a chaitheamh).

3.4 Sainaithint na gCainteoirí

Is féidir é seo a thabhairt i gcrích le teicnící ar nós tagairt ag an amhránaí do dhuine ar leith trí athruithe i bhféachaint na súl agus suíomh na colainne, nó trí ainm an chainteora a thabhairt agus aithris a dhéanamh air/uirthi. (Carachtracht a thugtar ar an teicníc seo.)

Treoirlínte ón BAI
Clostuairisc

Réamhrá

I gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Acht Craolacháin 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann tar éis rialacha a leagan amach de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 43(1)(c); **na Rialacha maidir le Rochtain** is teideal do na rialacha sin. Tá fáil ar chóip de na Rialacha maidir le Rochtain ar www.bai.ie nó féadfar cóip a iarraidh ar an Údarás.

Is é seo an doiciméad dar teideal **Treoirlínte ón BAI – Clostuairisc**. Sa doiciméad seo tugann an BAI cuntas ar na caighdeáin ghinearálta agus theicniúla atá riachtanach i dtaca leis an soláthar Clostuairisce. Is é aidhm na dtreoirlínte seo tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Rialacha Rochtana an BAI ó thaobh Clostuairisce de. Féadfar na treoirlínte a athrú ó thráth go chéile, de réir mar is cuí. Admhaíonn an BAI an obair a rinne iarchuibhreannas AUDETEL agus an cúnamh a fuair sé ó dhoiciméad Treorach Ofcom ar Chaighdeáin Chlostuairisce agus an doiciméad seo á ullmhú aige.

Clostuairisc

Is ionann Clostuairisc agus tráchtaireacht lena dtugtar tuairisc ó bhéal do bhreathnóir nach bhfuil an t-amharc go maith aige/aici ar an méid atá ag titim amach ar an scáileán ag aon tráth faoi leith, ionas go mbainfidh an breathnóir sin brí agus taitneamh as an gclár.

1. Na nithe a bhfuil tuairisc le tabhairt orthu

Seo cuntas achomair ar na gnéithe de chlár ar cheart tuairisc a thabhairt orthu.

i) Carachtair

Ba cheart clostuairisc a thabhairt ar éadach, tréithe fisiciúla, gotha gnúise, comharthaíocht choirp, cúlra eitneach (má bhaineann sé sin le scéal an chláir) agus aois an charachtair.

ii) Suíomhanna

Ba cheart tuairisc a thabhairt ar an suíomh agus ar athruithe suímh, aon uair is féidir.

iii) An tráth den lá

Ba cheart tuairisc a thabhairt ar an tráth den lá atá ann, más cuí.

iv) Aicsean ar an scáileán

Ba cheart tuairisc a thabhairt ar an aicsean ar an scáileán.

v) Fuaimeanna nó maisíochtaí fuaime

Ba cheart tuairisc a thabhairt ar fhuaimeanna nó ar mhaisíochtaí fuaime nach bhfuil so-aitheanta.

vi) Fortheidil fhotheidealaithe

Ba cheart tuairisc a thabhairt ar aon chomharthaí nó scríbhneoireacht ábhartha ar an scáileán.

vii) Teidil ag Tús an Chláir agus/nó Creidiúintí ag Deireadh an Chláir

2. An uair ba chóir tuairisc a thabhairt

Níor cheart don chlostuairisc trasnaíl a dhéanamh ar an dialóg.

Is le linn tostanna sa dialóg ba chóir don chlostuairisc a bheith ann. Ní fhéadfaidh sí trasnaíl a dhéanamh ar an dialóg ach amháin nuair is dialóg neamhthábhachtach í nó dialóg a bhfuil fotheidil nó fortheidil á gcur léi agus sa chás sin féin ní mór go mbeadh eolas ábhartha á thabhairt aici nó an fotheideal nó go mbeadh an fortheideal á léamh aici. Más gá, is féidir clostuairisc a chur os cionn liricí amhráin.

Níor cheart go mbeadh clostuairisc ann os cionn dialóg phríomhúil. Níor cheart go mbeadh clostuairisc ann os cionn maisíochtaí fuaime, sa chás gur maisiú oiriúnach iad na maisíochtaí sin ar an scannán nó an tuairisc, ná os cionn ceol tábhachtach cúlra.

3. Na nithe nach bhfuil tuairisc le tabhairt orthu

Níor cheart tuairisc a thabhairt ar thuairim phearsanta an té atá ag tuairisciú i dtaca leis an aicsean ar an scáileán. Mar shampla, rud dofheicthe ar nós inspreagadh nó réasúnaíocht don aicsean ar an scáileán – níor cheart tuairisc a thabhairt air sin.

Má tharlaíonn botúin san eagarthóireacht nó sa leanúnachas, níor cheart aithris a dhéanamh orthu sin sa chlostuairisc.

4. Leibhéal Fuaime an Chláir

Nuair a chuirtear tráchtaireacht thuairisciúil isteach i gclár, ní mór fuaim chúlra an chláir a ísliú ionas go mbeidh an tuairisc le cloisteáil go soiléir. Ba chóir deimhin a dhéanamh de nach bhfuil leibhéal fuaime na haithriseoireachta níos airde ná leibhéal fuaime an chúlra.

De ghnáth, ba chóir leibhéal fuaime na haithriseoireachta a choinneáil ag leibhéal seasmhach. Socraítear glór na haithriseoireachta ag leibhéal seasmhach ag tús an taifeadta agus is féidir a mhéad a chéimneofar leibhéal na príomhfhuaime ag na pointí cuí a réamhshocrú leis an stáisiún oibre.

5. Taifeadadh na Clostuairisce

Bíonn eolas físe agus fuaime ar fáil do dhaoine a bhfuil amharc na súl acu, ní hionann agus an lucht féachana lagamhairc, a bhíonn ag brath ar gach uile fhocal a bheith soiléir. Níor chóir an tuairisc a thabhairt faoi dheifir, dá bhrí sin; ba chóir go mbeadh gach uile fhocal soiléir, inchloiste agus tráthúil ionas nach dtiocfaidh sí salach ar an dialóg atá á cur i láthair.

Cé gur chóir go mbeadh an glór neodrach, d’fhéadfadh sé gur cheart mothúchán a chur leis ag pointí éagsúla i scannáin éagsúla chun an mothúchán a bhaineann leo agus forbairt an phlota a chur in iúl. I gcás coiméide, ba chóir an aithriseoireacht a thabhairt ar bhealach seasmhach, ach meangadh beag a bheith ann freisin. Ach níor cheart don chlostuairisc a bheith ina taispeántas a tharraingeodh aird uirthi féin.

Ba cheart fanacht glan ar leaganacha cainte ‘scannánúla’ ar nós ‘tá an ceamara ag peanáil faoi chlé’ etc. Níor cheart do chlostuairisc cinsireacht a dhéanamh ar an méid atá ar an scáileán.

6. Gramadach agus Teanga

i) A mhéad is féidir é, ba chóir an aimsir ghnáthláithreach a úsáid i gcás gníomhaíochtaí leanúnacha.

ii) A mhéad is féidir é, ba chóir abairtí iomlána a úsáid.

iii) Ní mór ainmneacha dílse a úsáid. Ní mór go dtuigfeadh an lucht féachana lagamhairc cé na carachtair a bhfuiltear ag trácht orthu sa tuairisc. Má bhaintear úsáid as ‘sé’ / ‘sí’, d’fhéadfaí mearbhall a chur ar an lucht féachana. Má tá baol míthuisceana ar bith ann i gcás go bhfuil daoine éagsúla ar an scáileán ag an am céanna, ba chóir úsáid a bhaint as ainmneacha dílse chun é sin a thabhairt chun léire.

iv) Tá aidiachtaí tuairisciúla tábhachtach, ach níor chóir go léireoidís tuairim phearsanta an tuairisceora.

v) Ba cheart leithéidí ‘Feicimid...’ ‘Os ár gcomhair...’ a sheachaint de ghnáth.

7. Ord tosaíochta don eolas

Cuid ríthábhachtach den chlostuairisc is ea an cur síos a dhéantar ar an suíomh mar atá sé; gan treoir ina thaobh seo, d'fhéadfadh an té atá ar bheagán amhairc dul amú sa scéal nó san aithriseoireacht.

Nuair a bhíonn cúpla duine ag labhairt ag an am céanna, ní mór an té atá ag labhairt aon tráth faoi leith a léiriú go soiléir. Ní miste, go minic, ainmneacha dílse a thabhairt arís is arís eile ionas nach mbeidh amhras ar bith ar an lucht féachana i dtaobh cé atá ag labhairt nó ag gníomhú.

Níor cheart íomhánna meafaracha ná leaganacha cliste cainte a úsáid ach amháin sa chás go dtagann friotal den chineál sin le stíl an chláir.

Níor cheart an iomarca mionsonraí a thabhairt. Ní gá mionsonraí tuairisciúla a lua, ach amháin nuair is iad ábhar an chláir iad.

Seachain tuairisciú iomarcach a d'fhéadfadh an mothú a bhaineann leis an radharc a lagú nó a d'fhéadfadh a bheith tuirsiúil nó fiú bioránach.

Níor cheart tuairimí pearsanta a thabhairt ná léirmhíniú a thabhairt a nithe a tharlaíonn; mar sin féin, ní mór freisin leideanna tábhachtacha físiúla a thabhairt don lucht éisteachta lagamhairc a d'fhéadfadh dul amú orthu.

Níor chóir nithe follasacha a lua sa chlostuairisc; cuir i gcás, nuair a bhuaileann an guthán nó cloigín dorais, ní gá cur síos a dhéanamh air sin ach amháin i gcás gur fuaimeanna neamhghnácha atá i gceist.

8. Sobaldrámaí

I gcás fhormhór na sobaldrámaí, ní bhíonn an seans iontu tuairiscí fada a thabhairt mar go leanann na dialóga go gasta i ndiaidh a chéile agus is annamh a bhíonn radhairc iontu gan aon dialóg. An lucht féachana a bhreathnaíonn go rialta ar shobaldrámaí, is gearr go dtéann siad i gcleachtadh ar ghuthanna na gcarachtar. Nuair a thugtar carachtar nua isteach sa sobaldráma, cuidíonn sé leis an lucht féachana aithne a chur go tapa ar an gcarachtar sin má thugtar tuairisc ar a c(h)uid tréithe fisiciúla; ní gá eolas breise beathaisnéise a thabhairt mar gur féidir teacht ar an eolas sin sna seachtainí ina dhiaidh sin.

9. Cláir faisnéise cúrsaí reatha

I gcláir chúrsaí reatha, ní bhíonn an deis chéanna ann clostuairisc a thabhairt ós rud é go mbíonn siad foclach, ach ba chóir a bhreithiúnas féin a thabhairt ar gach clár faoi leith. Ba chóir tuairisc a thabhairt ar fhotheidil nó fortheidil i gcláir den chineál sin.

10. Ócáidí Spóirt agus Ócáidí Beo

Is deacair tuairisc a thabhairt ar chláir bheo agus ar thráchtaireacht reatha araon, ach is féidir é a dhéanamh i gcás cláir áirithe.

Is féidir craoltóirí a spreagadh le riachtanais na ndaoine ar bheagán amhairc a thabhairt san áireamh gan clostuairisc a bheith riachtanach (trí laghdú a dhéanamh ar an méid téacs ar an scáileán agus ar shonraí táblacha.)

11. Cláir do pháistí

Tá cinneadh déanta ag an BAI gur cheart béim ar leith a chur ar sheirbhísí rochtana do pháistí. Nuair a bhíonn tuairisc á scríobh in aon turas i gcomhair clár do pháistí, ba cheart an fhoclaíocht agus dul na n-abairtí a chur in oiriúint don aoisghrúpa ar lena aghaidh an clár. Ba cheart go mbeadh tuin na haithriseoireachta ag teacht le tuin an chláir féin.

12. Leithscéal faoi bhriseadh seirbhíse

Nuair is féidir, ba cheart leithscéal nó míniú cuí ó bhéal a tharchur chomh luath agus is féidir tar éis don tseirbhís chlostuairisce a bheith caillte nó briste.

iii.

Forálacha Reachtacha

Foráiltear an méid seo a leanas **in Alt 43(1)(c) den Acht Craolacháin 2009**: -

"Déanfaidh an tÚdarás, faoi réir cheanglais alt 41(2), agus de réir fho-alt (4), rialacha ("rialacha craolacháin") a ullmhú, agus a athmheas ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, maidir leis na nithe seo a leanas:—

(c) na bearta sonracha a cheanglaítear ar gach craoltóir a dhéanamh chun an tuiscint agus an taitneamh a chur chun cinn a bhainfidh—

i) daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu,
ii) daoine atá dall nó caoch, agus
iii) daoine a bhfuil mallachar éisteachta orthu agus atá caoch,

as cláir a tharchuirtear ar aon seirbhís craolacháin a sholáthraíonn an craoltóir."

Foráiltear an méid seo a leanas in **alt 43(2) den Acht Craolacháin 2009**:-

"Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1)(c), ceanglófar le rialacha craolacháin maidir leis an mír sin ar gach craoltóir bunábhair closamhairc bearta sonraithe a dhéanamh chun rochtain a sholáthar ar an mbunábhar sin ag daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu, ag daoine atá dall nó caoch, agus ag daoine a bhfuil mallachar éisteachta orthu agus atá caoch trí sheirbhísí sonraithe ar nós na seirbhísí seo leanas—

(a) teanga chomharthaíochta,
(b) seirbhísí teilitéacs,
(c) fotheidealú, agus clostuairisc, agus
(d) Aird a thabhairt ar cibé acu atá an bunábhar roimhe seo á sholáthar -

(i) Go laethúil nó ag tráthanna rialta eile,
(ii) Ag amanna féachana móréilimh chomh maith le hamanna eile, agus
(iii) I gcomhair nuachta agus nithe a bhaineann le nuacht chomh maith le nithe eile."

Foráiltear an méid seo a leanas **in Alt 43(3) den Acht Craolacháin 2009**: -

“Féadfar le rialacha faoi fho-alt (1)(c), maidir le haon tréimhse a bheidh sonraithe iontu dar tosach tráth rite an Achta seo nó dá éis, a cheangal ar chraoltóir a chinntiú go ndéanann céatadán sonraithe clár a tharchuirtear ar sheirbhís craolacháin a sholáthraíonn sé nó sí sa tréimhse sin modhanna sonraithe a úsáid trína bhféadfar an tuiscint agus an taitneamh a chur chun cinn a bhainfidh daoine dá dtagraítear i bhfomhíreanna (i), (ii) agus (iii) den mhír sin as an gcéatadán sin clár.”

Foráiltear an méid seo a leanas **in Alt 43(6) den Acht Craolacháin 2009**: -

“Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú gach dhá bhliain, nó cibé tréimhse is giorra ná sin a chinnfidh sé, ar riail chraolacháin a dhéanfar faoi fho-alt (1)(c).”

Foráiltear an méid seo a leanas in **alt 8 den Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017**:-

Le linn do chraoltóirí (de réir bhrí an Achta Craolacháin 2009) a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le spriocanna agus ceanglais Theanga Chomharthaíochta na hÉireann i leith clár a tharchuirtear ar sheirbhís craolacháin (de réir bhrí an Achta sin) a sholáthraíonn an craoltóir mar atá leagtha amach sna rialacha craolacháin arna ndéanamh faoi alt 43(1)(c) den Acht Craolacháin 2009 ag Údarás Craolacháin na hÉireann, cloífidh siad le prionsabail an chomhionannais, na dínite agus an mheasa i gcur chun cinn agus i gcraoladh clár den sórt sin.